# Ag Forbairt Cur Chuige Iomlán Chun Córas do Dhaingniú Cleachtais Athshlánaíocha in Ógtheagmháil, in Obair don aos óg agus i Scoileanna i gContae Dhún na nGall

*Hugh Campbell, Derick Wilson,*
*Tim Chapman agus John McCord*
*Clár do Chleachtais Athshlánaíocha*
*Ollscoil Uladh, Iúil 2013*

DONEGAL ETB RESTORATIVE PRACTICES PROJECT

# Clár


| | |
|---|---|
| BUÍOCHAS | IV |
| 1.0 RÉAMHRÁ | 7 |
| 1.1 TUISCINT AR THÍRDHREACH DHÚN NA NGALL | 7 |
| 2.0 MODHEOLAÍOCHT | 9 |
| 2.1 CEISTNEOIRÍ | 10 |
| 2.1.1 CEISTNEOIR A HAON | 10 |
| 2.1.2 CEISTNEOIR A DÓ | 11 |
| 2.2 CEISTNEOIR PÍOLÓTACH | 11 |
| 2.3 ANAILÍS AR NA CEISTNEOIRÍ | 11 |
| 2.3.1 ANAILÍS SPSS | 11 |
| 2.3.2 ANAILÍS NVIVO | 12 |
| 2.4 DÁILEADH AGUS RÁTA FREAGARTHA | 12 |
| 2.5 BAILÍOCHT NA SONRAÍ AGUS EITIC | 12 |
| 2.6 TEORAINNEACHA NA SONRAÍ | 13 |
| 3.0 CLEACHTAIS ATHSHLÁNAÍOCHA I SCOILEANNA | 13 |
| 4.0 BONNLÍNE A CHRUTHÚ D'IOMPAIR NEAMHOIRIÚNACH | 15 |
| 4.1 'RABHAIDH' MHÚINTEORA MAR THORADH AR IOMPAIR OLC | 15 |
| 4.2 'TUAIRISC TUGTHA' | 17 |
| 4.3 COINNEÁIL ISTIGH | 19 |
| 4.4 AM AMUIGH | 20 |
| 4.5 AG ÚSÁID FIONRAÍ AR FEADH 1-3 LÁ | 24 |
| 4.6 FIONRAÍOCHT AR FEADH CEITHRE LÁ AGUS NÍOS FAIDE | 28 |
| 4.7 DÍBIRT | 31 |
| 5.0 BONNLÍNE FORIOMLÁN A CHRUTHÚ D'IOMPAIR NEAMHOIRIÚNACH | 31 |
| 6.0 CLEACHTAIS ATHSHLÁNAÍOCHA IN EAGRAÍOCHTAÍ IN OBAIR DON AOS ÓG I NDÚN NA NGALL | 32 |
| 6.1 RABHAIDH Ó OIBRÍ DON ÓGRA | 33 |
| 6.2 CONARTHAÍ DUINE LE DUINE | 33 |
| 6.3 AM AMUIGH | 33 |
| 6.4 FIONRAÍOCHT | 34 |
| 6.5 DÍBIRT | 35 |
| 7.0 CLEACHTAIS ATHSHLÁNAÍOCHA IN IONAID ÓGTHEAGMHÁLA I GCONTAE DHÚN NA NGALL | 35 |
| 7.1 AG ÚSÁID PIONÓIS | 36 |
| 7.2 AG ÚSÁID FIONRAÍOCHT | 37 |
| 7.3 AG ÚSÁID DÍBIRT | 38 |
| 7.4 MEASÚNÚ FORIOMLÁN | 38 |
| 8.0 CONCLÚIDÍ AGUS MOLTAÍ | 39 |
| 8.1 CONCLÚIDÍ | 39 |
| 8.2 MOLTAÍ | 42 |
| 9.0 AGUISÍNÍ | 44 |
| AGUISÍN 1: STAITISTICÍ PÉIREÁILTE SAMPLACHA | 44 |
| AGUISÍN 2: EAGRAÍOCHTAÍ RANNPHÁIRTEACHA | 47 |
| 10.0 LEABHARLIOSTA | 48 |

# Liosta na dTáblaí


TÁBLA 1: RÁTA FREAGARTHA AR NA CEISTNEOIRÍ 12

TÁBLA 2: IOMLÁN DALTAÍ DE RÉIR BLIAINGHRÚPA AGUS INSCNE 13

TÁBLA 3: AG TAISPEÁINT CÉATADÁN NA SCOILEANNA A ÚSÁIDEANN RABHAIDH NEAMHFHOIRMEÁLTA AGUS RABHAIDH FHOIRMEÁLTA 15

TÁBLA 4: AG TAISPEÁINT TRASTÁBLÚ DE RABHAIDH FHOIRMEÁLTA LE LÍON NA RABHAIDH NEAMFHOIRMEÁLTA 16

TÁBLA 5: CINEÁLACHA IOMPRAÍOCHTA NEAMHOIRIÚNAÍ IS CÚIS LE TUAIRISC 17

TÁBLA 6: AG TAISPEÁINT MINICÍOCHT NA gCÚISEANNA CHUN TUAIRISC A THABHAIRT CHUN CRÍCHE 18

TÁBLA 7: AG TAISPEÁINT AN CÉATADÁN DE SCOILEANNA A ÚSÁIDEANN COINNEÁIL FHOIRMEÁLTA AGUS NEAMHFHOIRMEÁLTA 20

TÁBLA 8: AG TAISPEÁINT CINEÁLACHA IOMPAIR NEAMHOIRIÚNAÍ A BHÍONN INA gCÚIS LE COINNEÁIL 20

TÁBLA 9: AG TAISPEÁINT AN CÉATADÁN DE SCOILEANNA A ÚSÁIDEANN AM AMUIGH 21

TÁBLA 10: AG TAISPEÁINT LÍON NA bPIONÓS A ÚSÁIDTEAR DO AM AMUIGH DE RÉIR AN CINEÁL IOMPAIR AGUS BLIAINGHRÚPA 22

TÁBLA 11: AG TAISPEÁINT AN CÉATADÁN ATHRAITHE IN EACHTRAÍ DE RÉIR CINEÁLACHA IOMPAIR 23

TÁBLA 12: TORTHAÍ T-THÁSTÁLA D'AM AMUIGH 24

TÁBLA 13: AG TAISPEÁINT AN CÉATADÁN DE SCOILEANNA A ÚSÁIDEANN FIONRAÍOCHT 1-3 LÁ 24

TÁBLA 14: AG TAISPEÁINT AN LÍON FIONRAÍOCHTA 1-3 LÁ DE RÉIR AN CINEÁL IOMPAIR AGUS BLIAINGHRÚPA 25

TÁBLA 15: AG TAISPEÁINT AN LÍON AGUS AN CÉATADÁN ATHRAITHE IN EACHTRAÍ FIONRAÍOCHTA 1-3 LÁ 26

TÁBLA 16: T-THÁSTÁIL DO FHIONRAÍOCHT 1-3 LÁ 28

TÁBLA 17: AG TAISPEÁINT AN CÉATADÁN DE SCOILEANNA A ÚSÁIDEANN FIONRAÍOCHT AR FEADH 4 LÁ AGUS NÍOS FAIDE 28

TÁBLA 18: AG TAISPEÁINT AN LÍON FIONRAÍOCHTA 4 LÁ AGUS NÍOS FAIDE DE RÉIR CINEÁIL AGUS BLIANGHRÚPA 29

TÁBLA 19: AG TAISPEÁINT LÍON AGUS CÉATADÁN ATHRAITHE IN EACHTRAÍ FIONRAÍOCHTA 4 LÁ AGUS NÍOS FAIDE 30

TÁBLA 20: T-THÁSTÁIL DO FHIONAÍOCHT 4 LÁ AGUS NÍOS FAIDE 31

TÁBLA 21: TÁBLA SUIMITHEACH A LÉIRÍONN AN BONNLÍNE FORIOMLÁN D'IOMPAIR NEAMHOIRIÚNACH 31

TÁBLA 22: LÍON NA bPIONÓS D'AM AMUIGH A D'ÚSÁID EAGRAÍOCHT AMHÁIN D'OBAIR DON ÓGRA IN 2012 34

TÁBLA 23: LÍON NA nAMANNA AMUIGH A D'ÚSÁID EAGRAÍOCHTAÍ D'OBAIR DON ÓGRA IN 2013 34

TÁBLA 24: AN LÍON FIONRAÍOCHTA A D'ÚSÁID EAGRAÍOCHT AMHÁIN D'OBAIR DON ÓGRA IN 2012 35

TÁBLA 25: AN LÍON DÍBEARTHA A D'ÚSÁID EAGRAÍOCHT AMHÁIN D'OBAIR DON ÓGRA 35

TÁBLA 26: ÚSÁID TUAIRISCITHE AR AM AMUIGH IN 2012* 36

TÁBLA 27: ÚSÁID TUAIRISCITHE AR AM AMUIGH* 36

TÁBLA 28: ÚSÁID TUAIRISCITHE AR FHIONRAÍOCHT IN 2012 37

TÁBLA 29: LÍON NA nDÍBIRTÍ A D'ÚSÁID IONAID* 38

# Liosta Figiúirí

FIGIÚR 1: DALTAÍ DE RÉIR BLIANA AGUS INSCNE 14

FIGIÚR 2: CÉATADÁN DE DHALTAÍ ATÁ AITHEANTA LE RIACHTANAIS SPEISIALTA OIDEACHAIS 14

FIGIÚR 3: AG TAISPEÁINT BAILL FOIRNE A DHÉANANN MONATÓIREACHT AR THUAIRISCÍ 19

FIGIÚR 4: AG TAISPEÁINT IOMLÁN EACHTRAÍ DE RÉIR BLIAINGHRÚPA AGUS TRÉIMHSE AMA 23

FIGIÚR 5: AG TAISPEÁINT IOMLÁN EACHTRAÍ DE RÉIR BLIAINGHRÚPA AGUS TRÉIMHSE AMA 27

FIGIÚR 6: IOMLÁN EACHTRAÍ DE RÉIR BLIAINGHRÚPA AGUS TRÉIMHSE AMA 30

FIGIÚR 7: SCÁLA AMA AGUS TASCAIRÍ D'ATHRÚ 32

FIGIÚR 8: AN SCOIL ATHSHLÁNAÍOCH: EISEAMLÁIR DINIMICIÚIL 42

# Buíochas


Tá an taighde i bhfách le cur le heolas agus taighde a rinneadh roimhe seo ar Chleachtas Athshlánaíoch i scoileanna agus tugann sé breac-chuntas do bhonnlíne turgnamhach ar Scolaíocht Athshlánaíoch laistigh de Bhord Oideachais & Oiliúna Dhún na nGall.

Ba mhaith linn ár mbuíochas a chur in iúl do Bhord Oideachais & Oiliúna Dhún na nGall as ucht a dtionscnamh a chiallaigh go bhféadfaí an taighde seo a chur i gcrích. Tugtar buíochas faoi leith do Sandra Buchanan, Cróna Ní Ghallchóir agus an Grúpa Oibre ar Chleachtas Athshlánaíoch (Mary Doherty, Liam Galbraith, Finola Furey, Anne McHugh, Paddy Muldoon agus Fiona Ní Chnáimhsí) ar son a gcuidiú agus a dtreoir agus do Lorraine Majury ar son a tacaíocht riaracháin.

Lena chois sin, táimid buíoch do chinnirí na n-eagraíochtaí rannpháirteacha go léir as an aird a thug siad ar na ceistneoirí.

***Hugh, Derick, Tim, John***

***Clár do Chleachtas Athshlánaíoch, Ollscoil Uladh, Meitheamh 2013***

# 1.0 Réamhrá

Tá Bord Oideachais & Oiliúna Dhún na nGall ag déanamh forbairt le dornán blianta ar chleachtas athshlánaíoch sna scoileanna, sna coláistí agus sna hionaid Ógtheagmhála ar fud an chontae. A bhuíochas do Chlár Peace III an AE, fuair Bord Oideachais & Oiliúna Dhún na nGall maoiniú ar mhaithe le cleachtas athshlánaíoch a leathnú laistigh den oideachas, den oideachas neamhfhoirmeálta agus sa tseirbhís don aos óg. Léiríonn sé seo céim shuntasach i dtreo na físe de Dhún na nGall a bheith aitheanta mar chontae a chuireann 'Cleachtas Athshlánaíoch' chun tosaigh.

Chuidigh Ollscoil Uladh leis seo sna modhanna seo a leanas:

- Ceithre cheardlann aon lae a reáchtáladh i míonna na Samhna/na Nollag 2011 ina ndearnadh taiscéaladh ar choinceapa bhunúsacha. Bhí nócha naoi duine ó scoileanna, Ógtheagmháil agus eagraíochtaí d'obair don ógra rannpháirteach iontu.
- Bronnadh Teastas Iarchéime i gCleachtas Athshlánaíoch ar chúig rannpháirtí dhéag as na hearnálacha sin, ó chúrsa a reáchtáladh ó Mheán Fómhair 2012 go Bealtaine 2013.
- Rinneadh taighde le heolas a bhailiú ar fhorbairt agus ar sheachadadh cleachtais athshlánaíocha ó earrach 2012 go dtí earrach 2013. Tá an tuarascáil seo ag díriú isteach ar an ábhar a bailíodh sa taighde sin.

## 1.1 Tuiscint ar Thírdhreach Dhún na nGall

Sa bhliain 2012, tugadh coimisiún don fhoireann i gCleachtas Athshlánaíoch in Ollscoil Uladh chun taighde a dhéanamh ar chur i bhfeidhm cleachtais athshlánaíocha sna scoileanna, in Ógtheagmháil agus sna heagraíochtaí d'obair don ógra i gContae Dhún na nGall a bhí rannpháirteach sa togra i gCleachtas Athshlánaíoch Bhord Oideachais & Oiliúna Dhún na nGall, maoinithe ag Peace III. Bhí sé mar chuspóir fiosrú agus bunú a dhéanamh ar mhiosúr bonnlíne iompraíochta a bhí ina gcúis le deacrachtaí agus cleachtas reatha agus cur i bhfeidhm na bprionsabal athshlánaíoch sna háiteanna sin a mheas.

I dtús báire, chuaigh an Ollscoil i gcomhairle le baill foirne, bainisteoirí agus daoine óga i nDún na nGall. Rinneadh an comhairliúchán tríd fócasghrúpaí agus agallaimh aonair i rith míonna Dheireadh Fómhair/na Samhna 2011. De bharr an phróisis seo, bhíothas ar an eolas faoin dóigh le huirlisí féinmheasúnachta a chruthú le cuidiú le heagraíochtaí a ndul chun cinn i seachadadh cleachtais athshlánaíocha a thomhas agus a mheas. Ba é an rud a chuaigh i bhfeidhm orainn ag an phointe ama sin ná tiomantas na bpríomhoidí, na gComhordaitheoirí Ógtheagmhála agus na ndaoine óga chun castáil linn agus labhairt go hoscailte faoi ábharthacht agus luachmhaireacht na gchleachtas athshlánaíoch ina gcuid clár agus eagraíochtaí.

I measc na dtéamaí thábhachtacha a tháinig amach as na comhráite sin, bhí siad seo a leanas:

- Gnéithe de chleachtas athshlánaíoch sa chontae a rianaigh cuid acu siar go dtí an Tionscnamh um Cheartas Aisiríoch i Scoileanna a chur an FSS chun cinn sa bhliain 2004.
- Cionroinnt ó Paddy O'Connor, Margaret McGarrigle agus Jim McGrath mar oiliúnóirí aonair.
- An teannas a bhaineann le cleachtas athshlánaíoch a bheith feicthe mar ghné lárnach de chultúr na heagraíochta nó a bheith feicthe mar uirlis chun iompraíocht a bhainistiú.
- Athruithe ó ionad amháin go hionad eile sa dóigh inar úsáideadh cleachtas athshlánaíoch.
- Tuairisc a léirigh gur ghlac baill foirne áirithe le cleachtas athshlánaíoch mar fhreagra 'lag' ar fhadhb iompraíochta i ndaoine óga.
- An dearcadh a bhí ag cuid acu gur gluaiseacht a bhí i gcleachtas athshlánaíoch a bhí diúltach i ndáil le dea-chleachtas eile.
- Na modhanna inar baineadh úsáid as na meáin shóisialta le dochar a dhéanamh do chaidreamh daoine le chéile.
- An dóigh inar aithin daoine óga difríochtaí fabhracha sa cur chuige a bhí ag baill foirne Ógtheagmhála i gcomparáid le baill foirne sna scoileanna.
- Bhí tuiscint mhaith ag cuid de na daoine óga a casadh orainn ar chleachtas athshlánaíoch agus thacaigh siad leis. Mar sin féin, chuir siad a n-amhras in iúl faoin mhéid cumhachta atá múinteoirí toilteanach a thabhairt suas agus cibé an admhódh múinteoirí choíche go raibh siad san éagóir.

Tá rathúlacht na gcur chuigí athshlánaíocha, mar uirlis mhalartach le réiteach a fháil ar shaincheisteanna deacra sóisialta, leathnaithe amach thar réimse cheartais an ógra go dtí earnálacha éagsúla eile, oideachas ina measc (Buckley, 2007). Le linn na ndeich bliana atá caite, tháinig forbairt ar chur i bhfeidhm coincheapa athshlánaíocha laistigh den earnáil oideachais, idir foirmeálta agus neamhfhoirmeálta, go mórmhór mar fhreagra ar an éileamh d'fheabhsú cleachtas uileghabhálach laistigh de na réimsí sin. Ardaíodh roinnt imní i scoileanna faoi éifeacht na gcur chuigí traidisiúnta chun déileáil le ceisteanna a bhaineann le míshástacht, díscoir agus neamhláithreacht daltaí (DfES 2004; Webb agus Vulliamy 2004) chomh maith le himní atá ag fás i dtaca le cur isteach agus foréigean atá ag méadú i scoileanna (Cremin 2007; Hayden 2007; McCluskey 2008, Reid 2006, Parsons 2005; Munn, Lloyd, agus Cullen 2000). Mar thoradh air sin, tá scoileanna áirithe ag lorg réiteach ar a leithéid d'imní.

Tá sé léirithe ag roinnt staidéir taighde go n-ofrálann comhdhálacha athshlánaíocha modh cuiditheach chun déileáil le hiompraíocht neamhoiriúnach tromchúiseach i scoileanna (Blood agus Thorsborne, 2005; Varnham, 2005). Maidir leis seo, maíonn Bitel gur féidir le cleachtas athshlánaíoch i scoileanna, cé nach uile-íoc é, 'timpeallacht na scoile a fheabhsú, cuidiú leis an fhoghlaim agus daoine óga a spreagadh le bheith níos freagraí agus níos ionbháúla' má chuirtear i ngníomh i gceart é (Bitel, 2005:13). I mbarúil s'againne, tá cleachtais athshlánaíocha tuigthe agus ábhartha i gcláracha oibre don ógra agus i gcláracha Ógtheagmhála.

Tá cleachtais athshlánaíocha bunaithe ar an luachmhaireacht a bhaineann le caidreamh urramach. Le bheith lándáiríre fá chleachtais athshlánaíocha, caithfidh eagraíochtaí aghaidh a thabhairt ar a gcuid cleachtas i ndáil le caidreamh. Ciallaíonn sé sin go gcothaítear caidreamh comhbhách, cuidiúil ina dtugtar tacaíocht agus spreagadh chun fáis do gach uile dhuine. Nuair a déantar dochar, glactar leis go gcuireann sé sin isteach ar an mhuintearas idir daoine. Tá na freagraí athshlánaíocha go léir dírithe ar dhul i ngleic leis an dochar i ndóigheanna trína leigheastar caidreamh. Tá aird tarraingthe ag roinnt taighdeoirí ar cur chuige níos teoranta i leith cleachtais athshlánaíocha ina bhfeictear iad mar chuid thábachtach eile i straitéis do bhainistiú iompraíochta (McCluskey et al, 2008: Buckley agus Maxwell, 2007; Blood 2005; Chmelynski 2005; Drewery 2004).

Maíonn fianaise ó thaighde idirnáisiúnta go bhfuil cur chuige cuimsitheach don chur i bhfeidhm de dhíth trí fhealsúnacht, cleachtais agus prionsabail athshlánaíocha a fhigh isteach sa chultúr caidrimh níos leithne. Ciallaíonn cur chuige iomlánaíoch i leith cleachtas athshlánaíoch, lena bhéim ar chaidreamh, go gcaithfidh eagraíochtaí aire a thabhairt do gach uile ghné den chultúr agus den eagraíocht trí chleachtais chaidreamhacha a fhorbairt a bheidh in inmhe cuidiú le heachtraí d'iompar neamhoiriúnach a chosc. Sa chomhthéacs seo, maíonn Cameron agus Thorsborne (2001) gur chóir do chleachtais athshlánaíocha aird a dhíriú ar an mhuintearas idir gach uile bhall den phobal ar mhaithe le torthaí den scoth a bhaint amach. Deir siad é seo a leanas fosta: "Restorative Justice views misconduct not as rule-breaking….but as a violation against people and relationships in the wider community" (ibid., 183). I ngach suíomh oideachais ar an tséala sin, cuimsíonn cleachtas athshlánaíoch an pobal go léir, baill foirne, daoine óga agus tuismitheoirí san áireamh, ar mhaithe le bheith rannpháirteach agus comhbhách (Hopkins 2004). Ceadaíonn a leithéid sin cur chuige níos réamhghníomhaí chun an timpeallacht is fearr a chothú don fhorbairt ar chaidreamh sláintiúil i measc an phobail uile, rud atá fíorthábhachtach faoi choinne iarmhairtí níos fearr ar fhoghlaim na mac léinn (Lingard et al., 2002; Blum et al., 2002; Weare, 2004).

Léiríonn na torthaí sa tuarascáil seo na heispéiris a bhí ag na heagraíochtaí samplacha a ghlac páirt. Áirítear a dtuairimí fá na dúshláin agus na buntáistí atá ag cleachtas athshlánaíoch. D'fhéadfadh na torthaí impleachtaí a bheith acu ar pholasaithe agus ar chleachtais i ngach uile shuíomh oideachais a ndearnadh taighde orthu i gCo. Dhún na nGall.

# 2.0 Modheolaíocht

Bhí deich iar-bhunscoil, cúig ionad Ógtheagmhála agus dhá eagraíocht um obair don aos óg i gContae Dhún na nGall mar bhonn samplach don togra ar Chleachtais Athshlánaíocha thar thréimhse leanúnach bliana. Bhain an staidéar úsáid as eiseamláir neamhdhóchúlachta, sé sin eiseamláir nach roghnaítear trí shampláil randamach. Bhí nós imeachta na samplála breithiúnach sa mhéid is gur aithníodh na heagraíochtaí rannpháirteacha mar eagraíochtaí a bhí ag úsáid cleachtais athshlánaíocha, nó a raibh suim acu a leithéid a úsáid, agus tugadh cuireadh dóibh a bheith páirteach sa taighde. Measadh go raibh an nós imeachta seo fóirsteanach don staidéar siocair go raibh sé ríthábhachtach go mbeadh ceannairí eagrúcháin, ó laistigh de shuíomh sonrach geografach, páirteach sa ghrúpa samplach ar mhaithe le sonraí cruinn beachta a bhailiú (Grinnell, 1993). I dtús báire, ghlac ceithre iarbhunscoil dhéag páirt i mbabtha a haon den staidéar, ach ní raibh ceithre scoil díobh sin rannpháirteach i mbabtha a dó den taighde.

## 2.1 Ceistneoirí

Féadfaí nádúr taiscéalaíoch a bheith ag ceistneoirí (Bryman, 2004) agus tá siad úsáideach chun freagraí ar cheisteanna caighdeánacha a chur i gcomparáid le chéile. Cionn is go bhfeictear ceistneoirí mar dhóigh sciobtha le sonraí a fháil, glacadh leis an cur chuige seo de bhrí go gceadaíonn sé roinnt céimeanna a bheith in úsáid thar thréimhse ama agus, lena seo sin, déanann sé bailiú sonraí thar achair fhada i bhfad níos fusa.

Bhí sé mar chuspóir ag an cheistneoir tomhas turgnamach a chur ar fáil d’iompar neamhoiriúnach i measc daoine óga laistigh den chohórt eagraíochta agus úsáid agus tuiscint an chohóirt ar fhorfheidhmiú agus ar úsáid Cleachtas Athshlánaíoch a fháil amach. Chuige seo, eagraíodh fócasghrúpaí agus agallaimh le foirne, bainisteoirí agus daoine óga i nDún na nGall (n=20) i míonna Dheireadh Fómhair agus na Samhna 2011. Mar thoradh ar an phróiseas sin, bhíothas in inmhe modhanna féinmheasúnachta a chruthú chun cuidiú le heagraíochtaí a ndul chun cinn i dtreo seachadadh ar chleachtais athshlánaíocha a thomhas agus a mheas. Ina theannta sin, baineadh úsáid as litríocht agus taighde acadúil i gcur le chéile an cheistneora ar mhaithe le ceisteanna a chur in eagar (DeVos, 1998). Bhí sé tábhachtach fosta gur chruinnigh na ceistneoirí sonraí cainníochtúla agus cáilíochtúla araon ar mhaithe le heolas iltoiseach a ghiniúint chun sonraí a thriantánú agus bailíocht níos fearr a bhaint as na torthaí (Ragin, 1994). Mar sin de, chuimsigh na ceistneoirí modhanna bailiúcháin sonraí, idir cainníochtúla agus cáilíochtúla, trí úsáid a bhaint as freagraí de réir Scála Likert chun dearcthaí a mheas (Bryman, 2008) agus ceisteanna cáilíochtúla chun na torthaí a thuiscint agus a mhíniú.

### 2.1.1 Ceistneoir a hAon

Bhí Ceistneoir a hAon deartha le taiscéaladh a dhéanamh ar conas iompar neamhoiriúnach i measc daoine óga a aithint agus a rangú mar bhonnlínte go gach eagraíocht agus go comhchoitianta. Bhí ocht mhír sa cheistneoir ar mhaithe le faisnéis a nochtadh i ndáil le hiompraíocht agus cuimsiú a dhéanamh ar na sásanna agus na pionóis a úsáidtear chun smacht a choinneáil ar iompraíocht neamhoiriúnach, agus cad iad na cleachtais athshlánaíocha, más ann dóibh, atá curtha i bhfeidhm ag gach eagraíocht. Chuirfeadh sé seo bonnlíne ar fáil óna bhféadfaí dul chun cinn a thomhas. Tar éis tréimhse 12 mí, agus i ndiaidh tréimhse oibre leis na heagraíochtaí rannpháirteacha, iarradh orthu Ceistneoir a hAon a chomhlánú arís. Chiallaigh sé sin go bhféadfaí comparáid a dhéanamh idir na freagraí chun a fháil amach cén dul chun cinn a bhí déanta thar thréimhse bliana.

### 2.1.2 Ceistneoir a Dó

Bhí Ceistneoir a Dó deartha le fáil amach cén úsáid a bhíothas a bhaint as Cleachtas Athshlánaíoch i measc an chohórt eagraíochta a bhí páirteach. Bhí an uirlis roinnte ina cheithre chomhpháirt chun an cur chuige iomlán a bhí ag eagraíocht i leith cleachtais athshlánaíocha a aithint agus a mheas. I ndiaidh tréimhse 12 mí, iarradh ar na heagraíochtaí Ceistneoir a Dó a chomhlánú. Chiallaigh sé seo go bhféadfaí na freagraí a chur i gcomparáid thar an tréimhse ama d’fhonn an dul chun cinn a rinneadh a aithint agus a mheas.

## 2.2 Ceistneoir Píolótach

Is féidir le staidéar píolótach den cheistneoir cuidiú le tuiscint agus deacracht le nós imeachta a fheabhsú. Sular dáileadh an ceistneoir, tugadh cóip den cheistneoir do líon beag de ghairmithe oideachais (n=4) ar mhaithe le cuíchóiriú a dhéanamh ar éiginnteacht, soiléireacht teanga agus easordú formáide a bhí sa dearadh bunaidh (Mason, 1996). Maidir leis na príomhathruithe a rinneadh a bhuí do na freagraí píolótacha, ní raibh ag teastáil den mhórchuid ach ceartuithe beaga maisitheacha ar leagan amach an cheistneora maraon le cúpla athrú ar an téarmaíocht chun athbhrí a sheachaint.

## 2.3 Anailís ar na Ceistneoirí

Rinneadh eagrú agus anailís ar na torthaí ó Cheistneoir a hAon thart ar roinnt réimsí bainteach le haitheantas agus rangú iompraíochta, ina measc (1) úsáid rabhaidh; (2) 'ar tuairisc' agus rabhaidh; (3) coinneáil (scoileanna); (4) am amuigh; (5) fionraíocht; agus (6) díbirt. Rinneadh anailís ar na torthaí ó Cheistneoir a Dó bainteach leis na ceithre théama a bhí ábhartha do chur chuige na heagraíochta iomláin maraon leis na heilimintí agus an chomhthéacs inar baineadh úsáid as cleachtas athshlánaíoch, ina n-áirítear: (1) an straitéis tacaíochta do rialachas, struchtúir agus próisis; (2) cur chuige na heagraíochta iomláin leis an fhoireann go léir agus leis na daoine óga; (3) cur chuigí dírithe ar chothú caidrimh agus ar réiteach coimhlinte i mbainistíocht na heagraíochta ó lá go lá; agus (4) dianfhreagraí ar na hócáidí sin inar tharla dochar suntasach.

### 2.3.1 Anailís SPSS

Rinneadh na torthaí ó na ceistneoirí a iontráil go barúlach i mbogearraí Staitisticí IMB SPSS. Cheadaigh sé seo go bhféadfaí anailís a dhéanamh ar na sonraí sainscagtha go héasca d'fhonn staitisticí tuairisciúla agus minicíocht aschuir a fháil, rud a léirigh cad iad na saincheisteanna a raibh suntas faoi leith ag baint leo agus a bhí ag tarlú arís agus arís ar fud an tsampla. Lena chois sin, éascaíonn SPSS an úsáid d'anailísí staitisticúla breise, ar a n-áirítear trastábluithe ar mhaithe le taiscéaladh a dhéanamh ar an ghaol idir roinnt athróga. De bhrí gur sampla beag atá i gceist (N< 30), tá sé oiriúnach feidhm a bhaint as teoiric shamplach bheacht (Spiegel agus Stephens, 1999). Ar an tséala sin, bhain an anailís feidhm as t-thástáil de shamplaí péireáilte chun difríochtaí staitisticiúla suntasacha idir an daonra samplach a thomhas thar an dá chúinse trialach. Úsáideann an teist seo an t-staitistic seo ar mhaithe le fáil amach an bhfuil difear mór idir an dá mheán a bailíodh ón sampla céanna (nó ó ghrinniú gaolmhar) agus nialas (Field, 2012).

### 2.3.2 Anailís NVIVO

Rinneadh anailís ar an fhianaise cháilíochtúil ó na Ceistneoirí trí úsáid a bhaint as bogearraí ríomhchuidithe d'anailís ar shonraí cháilíochtúla, ar a dtugtar NVivo 8 ['computer assisted qualitative data analysis software' (CAQDAS)]. Cabhraíonn na bogearraí seo le bainstíocht chórasach ar shonraí cháilíochtúla (Bazeley, 2007) agus cuireann sé déine leis an taighde sa mhéid is go gceadaíonn sé measarthacht triantánú ar an mhodheolaíocht (Sarantakos, 2005).

Chuir an úsáid de NVivo sás ar fáil óna bhféadfaí anailís a dhéanamh ar shonraí cháilíochtúla síos go dtí an leibhéal gráinneachta is míne ar mhaithe leis na coincheapa, catagóirí agus ointeolaíochtaí a chuireann síos ar, agus atá ina gcomhpháirteanna den ábhar atáthar a fhiosrú (Gibb, 2002). Ag choinneáil é seo san áireamh, chuaigh an taighde i mbun na hanailíse sonraí ar dhá bhealach: sa chéad chur chuige, rinneadh anailís ar an ábhar de réir téamaí agus catagóirí faoi leith chun na grúpálacha éagsúla i measc an chohóirt a nochtadh agus taiscéaladh a dhéanamh ar chomhghaolú breise maraon le haon líneacht ghaoil idir shaincheisteanna. Ba é anailís insinte iomlánaíoch a bhí i gceist leis an dara cur chuige le haithne a chur an na hábhair a chaithfídh a ghrúpáil le chéile de réir gnáthghnéithe agus grúpáil rafar na dtorthaí. Mar sin de, bainfear úsáid as an fhianaise cháilíochtúil chun na staitisticí bonnlíne a mhionléiriú agus a shainmhíniú, iomchuibheas le Prionsabail agus Cleachtais Athshlánaíocha a aithint, agus réimsí féideartha laigeachta ina bhfuil gá le hathrach a thabhairt chun solais.

## 2.4 Dáileadh agus Ráta Freagra

Dáileadh na ceisteneoirí chuig scoileanna, Ionaid Ógtheagmhála agus tionscadail don aos óg, a chuir iad féin in aithne mar áiteanna a d'úsáid cleachtais athshlánaíocha nó a raibh suim acu a leithéid a úsáid. Ag staid a haon ($T_1$), chomhlánaigh ceithre scoil dhéag na freagraí do Cheistneoir a hAon agus chomhlánaigh dhá cheann déag Ceistneoir a Dó. Ag staid a dó ($T_2$) den taighde, fuarthas ar ais deich gceistneoir comhlánaithe do Cheistneoir a hAon agus a Dó faoi seach (Tábla 1). Chomhlánaigh cúig Ionad Ógtheagmhála agus dhá thionscadal don aos óg na ceistneoirí ag staid a haon ($T_1$) agus staid a dó ($T_2$).

### TÁBLA 1: RÁTA FREAGARTHA AN CHEISTNEORA

| Rátaí Freagartha | Freagraí $T_1$ (Ean 2012) | Ráta Freagartha $T_1$ (%) | Freagraí $T_2$ (Mar 2013) | Ráta Freagartha $T_2$ (%) |
|---|---|---|---|---|
| Ceistneoir a hAon | 14 | 88% | 10 | 63% |
| Ceistneoir a Dó | 12 | 75% | 10 | 63% |

## 2.5 Bailíocht na Sonraí agus Eitic

Bhí sainscagadh agus anailís ar na bunsonraí i gceist leis an taighde. Mar gheall air sin, bhí na sonraí faoi rún agus coimeádadh iad go hiomlán de réir Alt 1 den Acht um Chosaint Sonraí, 1998, agus cód cleachtais Ollscoil Uladh, dar teideal 'Code of Practice for Professional Integrity in the Conduct of Research'. Fuarthas cead eiticiúil chun dul i mbun an taighde ón Scagchoiste i Scoil an Oideachais, Ollscoil Uladh, i mí Eanáir 2012.

Bailíodh na bunsonraí in dhá staid thar thréimhse bliana, i Márta 2102 agus arís i Márta 2013. Siocair gur tharraing dhá scoil amach as an taighde i ndiaidh an chéad staid, bhí sé riachtanach, i gcomhair stóinseachta, na freagraí ón dá scoil sin a bhaint amach as na torthaí foriomlán ón sampla agus as an anailís deiridh. Chomh maith leis sin, cionn is gur sampla breithiúnais neamhdhóchúlachta a bhí i sampla an taighde, b'fhéidir nach mbeadh sé ionadaíoch. Ar deireadh, tá sé tábhachtach nádúr suibiachtiúil a choinneáil i gcuimhne agus go bhféadfadh na sonraí a bheith sceabhach agus faoi réir ag claontacht.

## 2.6 Teorainneacha na Sonraí

Níor dearadh na ceistneoirí le bheith cuimsitheach i ngach cás de bhrí go mbeadh a leithéid sin neamhphraiticiúil agus deacair a bhaint amach. Cuireadh béim ón tús ar an chás go mbeadh na heagraíochtaí rannpháirteacha ag céimeanna difriúla i bhforbairt cleachtais athshlánaíocha laistigh dá suíomh neamhghnách agus comhthéacsúil féin. Thairis sin, admhaíodh go mbeadh gach eagraíocht i bhfách le forbairt a dhéanamh ina slí féin agus ina ham féin. Fosta, nuair atáthar ag déanamh anailísí staitisticiúla, caithfear a chuimhniú gur chóir a bheith faichilleach fá thorthaí an taighde de bharr méid bheag shampla an taighde.

# 3.0 Cleachtais Athshlánaíocha i Scoileanna


Rinne an togra do Chleachtas Athshlánaíoch sampláil chuspóiriúil ar dheich scoil i gContae Dhún na nGall, scoileanna ó chomhthéacsanna éagsúla socheacnamaíocha agus ó chúlraí éagsúla oideachais. Ba cheart a chuimhniú go dtomhaiseann an sampla taighdeach an iompar agus na hiarmhairtí féideartha athshlánaíocha do 4,388 dalta (Tábla 2). Léiríonn sé seo nádúr inleathnaithe ionchasach an togra agus dá bhféadfaí cur chuige na scoile uile a bhaint amach agus a neadú go hiomlán thar an cohórt scoile, bheadh an fhéidearthacht ag a leithéid sin fealsúnacht athshlánaíoch a spréadh amach chuig an daonra agus an pobal níos leitheadaí.

### TÁBLA 2: IOMLÁN DALTAÍ DE RÉIR BLIAINGHRÚPA AGUS INSCNE

| Bliainghrúpa Daltaí | Iomlán Daltaí | Bain. | Fir. |
|---|---|---|---|
| Bliain 1 | 836 | 321 | 515 |
| Bliain 2 | 833 | 331 | 502 |
| Bliain 3 | 812 | 328 | 484 |
| Bliain 4 | 532 | 232 | 300 |
| Bliain 5 | 829 | 331 | 498 |
| Bliain 6 | 546 | 212 | 334 |
| **Iomlán Daltaí** | **4388** | **1755** | **2633** |


Nuair a déantar cohórt na ndaltaí a imdhealú de réir bliainghrúpa (Figiúr 1, thíos), léiríonn na figiúirí go bhfuil líon na ndaltaí measartha comhsheasmhach i mbliainghrúpa a haon (836), i mbliainghrúpa a dó (833), i mbliainghrúpa a trí (812) agus i mbliainghrúpa a cúig (829) ach go bhfuil na huimhreacha níos lú, ach cosúil lena chéile i nbliain a ceathair (532) agus i mbliain a sé (546). Tá sé suntasach chomh maith go bhfuil líon na mbuachaillí (60%) i ngach bliainghrúpa níos airde ná líon na gcailíní (40%).

### FIGIÚR 1: DALTAÍ DE RÉIR BLIANA AGUS INSCNE




Thar an iomlán, aithníodh go raibh riachtanais speisialta oideachais ag 11.7% de na daltaí sa chohórt scoile agus aithníodh 0.73% mar dhaltaí 'eile' nach raibh riachtanais speisialta oideachais acu. Léiríonn na figiúirí chomh maith go bhfuil líon ard daltaí le riachtanais speisialta oideachais sa séú bliain (19.6%)i gcomparáid le bliainghrúpaí eile. (Figiúr 2).

## FIGIÚR 2: CÉATADÁN DE DHALTAÍ AITHEANTA LE RIACHTANAIS SPEISIALTA OIDEACHAIS




Tá sé tábhachtach cuimhne a choinneáil ar na figiúirí seo siocair go gcaithfear forfheidhmiú na bprionsabal agus na gcleachtas athshlánaíoch laistigh de gach suíomh scoile a chur in oiriúint do na riachtanais difriúla atá ag daoine óga laistigh den chomhthéacs i mbainistíocht iompair agus iarmhairtí.

# 4.0 Bonnlíne a Chruthú d'Iompar Neamhoiriúnach

Ar mhaithe le tuiscint agus bonnlíne a fhorbairt ar eispéireas scoile i ndáil le hiompar neamhoiriúnach ó dhaltaí, b'éigean na pionóis a bhí i bhfeidhm agus in úsáid sa sampla a aithint agus a mheas. Chun na críche sin, rinneadh an chéad cheistneoir a dhearadh chun freagraí a fháil i ndáil le (1) Rabhaidh ó Mhúinteoirí; (2) 'Ar Tuairisc' agus Rabhaidh; (3) Coinneáil; (4) Am Amuigh; (5) Fionraíocht; agus (6) Díbirt. Chruthódh sé seo tuiscint ar an taithí agus an fheidhmiú reatha de chleachtas athshlánaíoch laistigh den eagraíocht rannpháirteach agus dhéanfaidh é a mheas i ndiaidh tuairim is bliana chun a fháil amach cad é an dul chun cinn a rinneadh i bhfeabhsú iompar na ndáltaí nó má tharla a leithéid.

## 4.1 'Rabhaidh' Mhúinteora mar Thoradh ar Iompar Olc

Léirigh na torthaí gur bhain naoi gcinn de na scoileanna, amach as deichniúr a ghlac páirt sa sampla, úsáid as córas rabhaidh neamhfhoirmeálta do dhaltaí a bhí ag cur isteach ar an rang ag $T_1$ (Tábla 3). Baineann an idirdhealú idir rabhadh neamhfhoirmeálta agug rabhadh foirmeálta leis an tuairisciú. Tugtar rabhadh neamhfhoirmeálta ó bhéal ach ní déantar é a thaifeadadh go foirmeálta laistigh de chóras na scoile. Is fiú a thabhairt faoi deara go raibh na scoileanna go léir ag úsáid an chórais seo nuair a rinneadh suirbhé i ndiaidh bliain amháin. Lena chois sin, bhí córas rabhaidh foirmeálta i bhfeidhm ag 70% de na scoileanna i ndiaidh dóibh rabhaidh neamhfhoirmeálta a thabhairt do dhaltaí. Ní raibh córas rabhaidh fhoirmeálta i bhfeidhm i dtrí scoil, rud a mhaíonn gur chloí daltaí le rabhaidh neamhfhoirmeálta agus go bhfuil cur chuige dearfach i réim do fhreagracht na ndaoine óga.

### TÁBLA 3: AG TAISPEÁINT CÉATADÁN NA SCOILEANNA A ÚSÁIDEANN RABHAIDH NEAMHFHOIRMEÁLTA AGUS RABHAIDH FHOIRMEÁLTA

| Rabhadh Múinteora | $T_1$ | | $T_2$ | |
|---|---|---|---|---|
| | Sea | Ní hea | Sea | Ní hea |
| Córas Rabhaidh Neamhfhoirmeálta | 90% | 10% | 100% | 0% |
| Córas Rabhaidh Fhoirmeálta | 70% | 30% | 70% | 30% |

Léiríonn na torthaí go bhfuil tábhacht ag baint le lánchead an mhúinteora i ndáil le rabhaidh neamhfhoirmeálta. Má thugtar é seo níos faide, taispeánann trastáblú den chóras rabhaidh foirmeálta i gcomparáid leis an líon rabhaidh neamhfhoirmeálta, ag $T_1$, gurbh é lánrogha an mhúinteora (42.9%) agus 3-4 rabhadh neamhfhoirmeálta (28.6%) na cúseanna príomha. Ag $T_2$, áfach, léirigh 60% den sampla gur leor 1-2 rabhadh neamhfhoirmeálta chun rabhadh foirmeálta a chur i bhfeidhm, agus thuairiscigh 20% de na freagraí 3-4 rabhadh neamhfhoirmeálta (Tábla 4).

## TÁBLA 4: AG TAISPEÁINT TRASTÁBLÚ DE RABHAIDH FHOIRMEÁLTA LE LÍON NA RABHAIDH NEAMHFHOIRMEÁLTA

| **Am** | | | | **Gan Rabhadh Foirmeálta** | | | | | **Iomlán** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Gan Córas | 1-2 | 3-4 | 5-6 | Lánrogha Múinteora | |
| **T1** | Rabh. Foir. | Ní hea | Cuntas | 3 | 0 | 0 | 0 | 0 | 3 |
| | | | % laistigh de Rabh. Foir. | 100% | 0% | 0% | 0% | 0% | 100% |
| | | | % gan Rabh.Foirm. | 100% | 0% | 0% | 0% | 0% | 30% |
| | | | % den Iomlán | 30% | 0% | 0% | 0% | 0% | 30% |
| | | Sea | Cuntas | 0 | 1 | 2 | 1 | 3 | 7 |
| | | | % laistigh de Rabh. Foir. | 0% | | 28.6% | 14.3% | 42.9% | 100% |
| | | | % gan Rabh.Foirm. | 0% | 100% | 100% | 100% | 100% | 70% |
| | | | % den Iomlán | 0% | 10% | 20.0% | 10% | 30% | 70% |
| | Iomlán | | Cuntas | 3 | 1 | 2 | 1 | 3 | 10 |
| | | | % laistigh de Rabh. Foir. | 30% | 10% | 20% | 10% | 30% | 100% |
| | | | % gan Rabh.Foirm. | 100% | 100% | 100% | 100% | 100% | 100% |
| | | | % den Iomlán | 30% | 10% | 20% | 10% | 30% | 100% |
| **T2** | Rabh. Foir. | Ní hea | Cuntas | 2 | 1 | 0 | - | - | 3 |
| | | | % laistigh de Rabh. Foir. | 66.7% | 33% | 0% | - | - | 100% |
| | | | % gan Rabh.Foirm. | 100% | | 0% | - | - | 30% |
| | | | % den Iomlán | 20% | 10% | 0% | - | - | 30% |
| | | \Sea | Cuntas | 0 | 5 | 2 | - | - | 7 |
| | | | % laistigh de Rabh. Foir. | 0% | | 28.6% | - | - | 100% |
| | | | % gan Rabh.Foirm. | 0% | | 100% | - | - | 70% |
| | | | % den iomlán | 0% | 50% | 20% | - | - | 70% |
| | Iomlán | | Cuntas | 2 | 6 | 2 | - | - | 10 |
| | | | % laistigh de Rabh. Foir. | 20% | 60% | 20% | - | - | 100% |
| | | | % gan Rabh.Foirm. | 100% | 100% | 100% | - | - | 100% |
| | | | % den Iomlán | 20% | 60% | 20% | - | - | 100% |

De réir cosúlachta, léiríonn an t-athrú i líon na rabhaidh neamhfhoirmeálta thar thréimhse ama nach raibh dearcadh coitianta ar bith ann i ndáil leis an tuiscint ar iompar neamhoiriúnach, agus go raibh sé intuigthe nach raibh san iompar ach eachtra ar leibhéal íseal. Chomh maith leis sin, agus de bharr an cúlra ar leith atá ag gach scoil agus na leibhéil ar leith do thuairisciú eachtraí do gach scoil, tá sé deacair agus, leoga, inchonspóide a rá gur chóir go mbeadh cur síos comhchoiteann ar na dálaí ar fud na scoileanna go léir. Thaispeáin na torthaí chomh maith gurbh é an Ceann Bliana, de ghnáth, a rinne maoirsiú ar rabhaidh fhoirmeálta ($T_1$ 50%, $T_2$ 40%) agus gur mhaoirsigh an Leas-Phríomhoide/an Príomhoide 20% de na cásanna sin agus go ndearna an múinteoir maoirsiú ar 10% ag an dá phointe sa tréimhse ama. Léiríonn sé seo, tríd síos sa sampla, go bhfuil coimhdeacht údaráis níos airde i gceist leis an chóras rabhaidh fhoirmeálta agus, b'fhéidir, le pionóis smachta.

Thar an iomlán, léiríonn na torthaí gur fiú tuilleadh staidéir a dhéanamh ar an cheist seo, cé gur rud dearfach a bhí ann go bhfacthas cultúr caidreamhach i mórán den chur síos go raibh an caidreamh idir múinteoir agus dalta in ann dúshláin iompair a réiteach sula mbeadh siad ina gcúinsí fhoirmeálta. É sin ráite, léiríonn an easpa athraigh thar na bliana i ndáil le céatadán na scoileanna ina raibh córas rabhaidh foirmeálta in úsaid, go bhfuil fiúntas le cultúr caidreamhach a chothú agus a fhorbairt ar mhaithe le réiteach deacrachtaí a chur chun cinn gan a bheith ag baint úsáide as barraíocht rabhaidh foirmeálta nó gan a bheith ag cailleadh smachta.

## 4.2 'Ar Tuairisc'

Taispeánann na torthaí gur ofráil 90% den chohórt scoile córas ar a dtugtar 'Ar Tuairisc' ag $T_1$ agus tháinig méadú ar seo sna scoileanna go léir thar na tréimhse bliana ($T_2$, 100%). Chuir na freagraí béim fosta ar réimse iompair neamhoiriúnach a ba chúis le bheith curtha 'Ar Tuairisc'; mar sin féin, d'fhéadfaí ginearálú a dhéanamh orthu sin faoi roinnt catagóirí (Tábla 5).

### TÁBLA 5: CINEÁLACHA IOMPAIR NEAMHOIRIÚNAÍ A BHÍONN INA GCÚIS LE BHEITH CURTHA 'AR TUAIRISC'.

| Cineálacha Iompair Neamhoiriúnaí | Am | |
|---|---|---|
| | $T_1$ | $T_2$ |
| Cur isteach íseal | 10% | 0% |
| Sárú rialacha | 10% | 10% |
| Iompraíocht leanúnach | 70% | 60% |
| Nuair is gá | 10% | 30% |

Ag cuimhniú air seo, is féidir léargas a fháil ar chleachtas dearfach mar gheall ar an laghdú san úsáid de 'Ar Tuairisc' faoi choinne iompraíocht leanúnach agus cur isteach íseal. Lena chois sin, maíonn an t-ardú sa chóras 'nuair is gá' go bhfuil múinteoirí ag baint níos mó úsáide as a lánrogha féin chun a chinntiú cá huair a sroichfear an tairseach le bheith curtha 'Ar Tuairisc' agus, i gcomhthéacs an chleachtais athshlánaíoch, is léir go bhfuil caoinfhulgaint agus tuiscint níos fearr i réim. Go ginearálta, léiríonn sé seo go dtáing laghdú ar na pionóis d'eachtraí ar leibhéal íseal.


Mar an gcéanna, cuireadh réimse cúiseanna chun tosaigh i ndáil leis an phionós 'Ar Tuairisc' a shaoradh nó a thabhairt chun críche. Nuair a rinneadh grúpaíl ar na cúiseanna sin de réir téama (Tábla 6), nochtaigh na torthaí go bhfuil na príomhchúiseanna chun an pionós 'Ar Tuairisc' a thabhairt chun críche bainteach le feabhas a fheictear san iompar (50%) agus i ndiaidh promhadh seachtaine (30%). Chonacthas chomh maith gur baineadh úsáid as cruinnithe le tuismitheoirí agus as tréadchúram, maraon le cruinnithe fhoirmeálta leis an Leas-Phríomhoide/Ceann Bliana. Agus go háirithe, ní tháinig aon athrú ar na cúiseanna sin thar na tréimhse bliana, rud a léiríonn nach dtáinig mórán athraigh ar pholasaí agus go raibh níos mó rannpháirtíochta ag tuismitheoirí agus ag foirne tréadchúraim.

### TÁBLA 6: AG TAISPEÁINT MINICÍOCHT NA GCÚISEANNA CHUN TUAIRISC A CHUR AR CEAL

| Cineál Críche | Am | |
|---|---|---|
| | $T_1$ | $T_2$ |
| Feabhas ar Iompraíocht | 50% | 50% |
| Ar promhadh ar feadh 1 seachtain | 30% | 30% |
| Cruinniú le Tuismitheoirí/Tréadchúram | 10% | 10% |
| Cruinniú Foirmeálta le Leas-Phríomhoide/Ceann Bliana | 10% | 10% |

Ar deireadh, chur na freagraí in iúl an duine nó na daoine a bhí freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar an phionós 'Ar Tuairisc'. Taispeánann na torthaí go raibh meascán de bhaill foirne rannpháirteach sa phionós seo ag $T_1$. Taispeánann na torthaí ag $T_2$ go ndearnadh cuíchóiriú níos fearr ar mhaoirseacht, ag tabhairt eilimint comhsheasmhachta isteach sa scéal. De réir cosúlachta fosta, bogadh i dtreo níos mó rannpháirtíochta ag tuismitheoirí maraon le laghdú i rannpháirtíocht dhíreach ó lucht bainistíochta sinsearaí na scoile. Lena chois sin, léiríonn na torthaí athrú suntasach i ról maoirseachta na múinteoirí agus na gCeann Bliana i leith an phionóis seo, rud a d'fhéadfadh drochthoradh a bheith aige ar iarmhairtí neamhfhoirmeálta agus ar chruthú caidreamh (Figiúr 3). Go ginearálta, léiríonn na torthaí go bhfuil gá le comhsheasmhacht sa chur chuige seo i ngach scoil agus gá le monatóireacht ag leibhéal íseal (Múinteoir/Ceann Bliana) maraon le rannpháirtíocht ón fhoireann tréadchúraim/ tuismitheoirí.

### FIGIÚR 3: AG TAISPEÁINT BAILL FOIRNE A DHÉANANN MONATÓIREACHT AR AN TUAIRISC




## 4.3 Coinneáil Istigh

Taispeánann na freagraí gur bhain 90% den sampla scoile úsáid as córas coinneála mar fhreagra ar chineálacha éagsúla d'iompar neamhoiriúnach ó dhaltaí. Amach as naoi scoil a bhain feidhm as córas coinneála, d'úsáid seacht gceann acu coinneáil fhoirmeálta mar phionós agus bhí cur chuige neamhfhoirmeálta i bhfeidhm ag an dá scoil eile (Tábla 7). Thaispeáin na torthaí chomh maith nach dtáinig athrú ar bith ar an chóras coinneála a bhí i bhfeidhm thar na tréimhse bliana, rud a mhaíonn easpa athraigh i bpolasaí nó i gcur chuige.

### TÁBLA 7: AG TAISPEÁINT CÉATADÁN NA SCOILEANNA A ÚSÁIDEANN CÓRAS COINNEÁLA FOIRMEÁLTA AGUS CÓRAS NEAMHFHOIRMEÁLTA

| Córas Coinneála | Am | |
|---|---|---|
| | $T_1$ | $T_2$ |
| Córas Rabh. Neamhfhoir. | 22% | 22% |
| Córas Rabhaidh Fhoirmeálta | 78% | 78% |

Taispeánann an tábla seo gur bhog dhá scoil go díreach ó bheith ag úsáid rabhadh neamhfhoirmeálta go dtí córas coinneála. Dúirt na scoileanna eile go ndeachaidh siad tríd próisis ó rabhadh neamhfhoirmeálta go rabhadh foirmeálta sular chuir siad coinneáil i bhfeidhm mar phionós. Ar an drochuair, ní dhearn an taighde sainscagadh ar an líon coinneála a tuairiscíodh sa sampla. Rinneadh sainscagadh ar na cúiseanna coinneála chomh maith le líon na n-eachtraí a mbeadh coinneáil mar thoradh orthu de ghnáth. Cé go raibh mórán fáthanna leis an phionós, d'fhéadfaí iad a ghrúpaíl faoi théamaí chomhpháirteacha (Tábla 8). Ag $T_1$, léiríonn na torthaí go raibh gaol idir úsáid coinneála le cnuasach de chineálacha eachtraí faoi leith ag leibhéal íseal, agus a minicíocht, macasamhail cur isteach, gan obair bhaile a bheith déanta agus moilleacht. I gcuid mhór cásanna, thuairiscigh scoileanna go raibh cuid de na sáruithe ar rialacha maidir le hobair bhaile agus moilleacht ina gcúis le coinneáil astu féin.

### TÁBLA 8: AG TAISPEÁINT NA CINEÁLACHA IOMPRAÍOCHTA A BHÍONN INA GCÚIS LE COINNEÁIL ISTIGH

| Coinneáil de bharr iompar neam-hoiriúnach | Minicíocht thar am | | Athrú céatadáin |
|---|---|---|---|
| | $T_1$ | $T_2$ | |
| Cur isteach íseal | 1 | 1 | 0% |
| Obair Bhaile/Feidhmíocht/ Moilleacht | 7 | 4 | -42.9% |
| I ndiaidh Rabhadh Foirmeálta | 1 | 4 | 300% |

Is léir ó thorthaí $T_2$ go ndearnadh dul chun cinn measartha de bhrí go gceanglaíonn 44% de na scoileanna sin a úsáideann córais coinneála, go gceanglaíonn siad é le hiompar i ndiaidh rabhadh foirmeálta a thabhairt do dhaltaí. In ainneoin feabhsúchán mór sa chleachtas, áfach, agus ó pheirspictíocht athshlánaíoch, b'fhéidir go bhfuil gá le hathsmaoineadh a dhéanamh ar an úsáid leanúnach de choinneáil istigh de bharr coireanna faoi leith in 44% de na scoileanna a úsáideann an pionós seo. I ndáiríre, d'fhéadfadh 'am amuigh' le tréadchúram a bheith níos éifeachtaí ná coinneáil nó dá mbainfidh úsáid níos fearr as cur chuige neamhfhoirmeálta, d'fhéadfaí maolú a dhéanamh ar eilimint smachtaithe an chur chuige coinneála.

## 4.4 Am Amuigh

Taispeánann na torthaí gur bhain ceithre cinn de na scoileanna feidhm as córas 'am amuigh', nuair a iarrtar ar dhaltaí dul idteach i seomra 'am amuigh' chun meabhrú a dhéanamh ar a n-iompar nó chun castáil le múinteoir sinsearach agus a n-iompar a phlé (Tábla 9). D'fhan feidhmiú an chórais seo mar an gcéanna (40%) thar na tréimhse bliana.

### TÁBLA 9: AG TAISPEÁINT CÉATADÁN NA SCOILEANNA A ÚSÁIDEANN AM AMUIGH

| Am Amuigh | $T_1$ | | $T_2$ | |
|---|---|---|---|---|
| | Sea | Ní hea | Sea | Ní hea |
| Úsáid Córais d'Am Amuigh | 40% | 60% | 40% | 60% |

Ó na ráitis ar úsáid 'am amuigh', is cosúil gur baineadh úsáid as an phionós seo faoi choinne fearg a láimhseáil, mar mhodh fionraíochta inmheánaí, chun daltaí a bhí corraithe a cheansú nó chun am a chruthú le labhairt le comhairleoirí, Cinn Bliana agus Leas-Phríomhoidí. Ag $T_1$, taispeánann trastáblú de na scoileanna sin a úsáideann córais d'am amuigh in éineacht le pionóis, gur cheangal 75% díobh úsáid an phionóis seo le cnuasach rabhaidh nó le heachtra aonair. Ag $T_2$, cheangal 50% de scoileanna an pionós seo le cnuasach rabhaidh nó le heachtra aonair. Dúirt leath de na scoileanna go bhféadfadh siad 'am amuigh' a úsáid do dhalta fiú mura raibh tuairisc ar bith ar iompar neamhoiriúnach roimhe sin.

Nuair a rinneadh machnamh orthu de réir bliainghrúpa, tugadh faoi deara gur úsáideadh an pionós d'am amuigh níos minice do bhliainghrúpa a trí (30%) agus do bhliainghrúpa a cúig (28%). Taispeánann na torthaí ón chohórt scoile ina iomláine, a úsáideann an cur chuige seo, go raibh miníocht iontach ard i gceist ag $T_1$ (Tábla 10 thíos). Bhí siad seo a leanas i measc na n-eachtraí inar úsáideadh am amuigh: iompar suaiteach (176), ag tabhairt dúshlán d'údarás an mhúinteora (99), rancás fisiceach (58), masla béil do dhaltaí eile (57) agus masla béil do bhaill foirne (40). Cuireadh an líon ab airde eachtraí i leith bliainghrúpaí a trí agus a cúig.

## TÁBLA 10: AG TAISPEÁINT LÍON NA BPIONÓS D'AM AMUIGH DE RÉIR AN CINEÁL IOMPRAÍOCHTA AGUS BLIAINGHRÚPA

| **Cineál Iompair** | **Tréimhse Ama** | **Bliainghrúpa** | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Bliain 1 | Bliain 2 | Bliain 3 | Bliain 4 | Bliain 5 | Bliain 6 | **Iomlán** |
| Dímhúinteacht | $T_1$ | 2 | 35 | 60 | 33 | 34 | 12 | 176 |
| | $T_2$ | 8 | 8 | 5 | 6 | 4 | 0 | 31 |
| Rancás Fisiceach | $T_1$ | 7 | 8 | 24 | 8 | 11 | 0 | 58 |
| | $T_2$ | 0 | 0 | 0 | 1 | 1 | 2 | 4 |
| Masla Béil do Dhaltaí Eile | $T_1$ | 3 | 8 | 19 | 10 | 16 | 1 | 57 |
| | $T_2$ | 6 | 1 | 0 | 0 | 1 | 0 | 8 |
| Masla Béil do Bhaill Foirne | $T_1$ | 1 | 3 | 14 | 10 | 10 | 2 | 40 |
| | $T_2$ | 1 | 6 | 6 | 3 | 4 | 0 | 20 |
| Beag a dhéanamh de chaidreamh dhaltaí eile | $T_1$ | 7 | 11 | 8 | 4 | 14 | 1 | 45 |
| | $T_2$ | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Dúshlán a thabhairt d'údarás Múinteora | $T_1$ | 0 | 18 | 27 | 15 | 33 | 6 | 99 |
| | $T_2$ | 3 | 3 | 1 | 1 | 1 | 3 | 12 |
| Cibearbhulaíocht 1[ad] choir | $T_1$ | 1 | 2 | 5 | 1 | 7 | 1 | 17 |
| | $T_2$ | 0 | 5 | 3 | 2 | 1 | 0 | 9 |
| Caitheamh Tobac | $T_1$ | 0 | 1 | 1 | 0 | 11 | 4 | 17 |
| | $T_2$ | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Eile | $T_1$ | 0 | 0 | 0 | 0 | 10 | 0 | 10 |
| | $T_2$ | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **Iomlán Eachtraí de réir bliana & ama** | $T_1$ | 21 | 86 | 158 | 81 | 146 | 27 | **519** |
| | $T_2$ | 18 | 23 | 15 | 13 | 12 | 5 | **84** |


Tar éis obair bhreise le scoileanna, léiríonn anailís chomparáideach ar thorthaí $T_2$ go dtáinig lághdú ar phionóis d'am amuigh i ndáil le gach catagóir iompair go ginearálta, agus go dtáinig laghdú suntasach ar líon iomlán na n-eachtraí ag $T_2$ (84) i gcomparáid le $T_1$ (519), ionann le laghdú 83.8% (Tábla 11) san athrú céatadáin foriomlán. Léiríonn an tábla seo fosta go dtáinig laghdú ar eachtraí d'iompar suaiteach agus eachtraí inar tugadh dúshlán d'údarás an mhúinteora.

## TÁBLA 11: AG TAISPEÁINT AN CÉATADÁN ATHRAITHE IN EACHTRAÍ DE RÉIR CINEÁLACHA IOMPAIR

| **Cineál Iompair** | **Iomlán Eachtraí** | | **Athrú Céatadáin (%)** |
|---|---|---|---|
| | $T_1$ | $T_2$ | |
| Dímhúinteacht | 176 | 31 | -82.4% |
| Masla béil do dhaltaí eile | 57 | 8 | -86% |
| Beag a dhéanamh de chaidreamh dhaltaí eile | 45 | 0 | -100% |
| Dúshlán d'údarás Múinteora | 99 | 12 | -87.9% |
| **Iomlán Eachtraí de réir bliana agus tréimhse** | **519** | **84** | **-83.8%** |

Is ábhar misnigh thar a bheith maith atá sna torthaí seo agus nochtann siad laghduithe soiléire i mbliainghrúpaí a trí agus a cúig thar gach uile cineál iompair. Sa chomthéacs seo, taispeáanann na torthaí go raibh laghdú suntasach san athrú céatadáin foriomlán (90.5%) in eachtraí inar úsáideadh an pionós d'am amuigh. Is léir go raibh an rud céanna amhlaidh do bhliainghrúpa a cúig, ina raibh laghdú 91.8% san athrú céatadáin in eachtraí agus fosta do bhliain a dó (73.3%) agus bliain a ceathair (84%).

## FIGIÚR 4: AG TAISPEÁINT IOMLÁN EACHTRAÍ DE RÉIR BLIAINGHRÚPA AGUS TRÉIMHSE AMA




Maíonn na torthaí go bhfuil athrú ag tarlú sa dóigh ina dtéann múinteoirí agus daltaí i ngleic le drochiompar. Tá bailíocht bhreise ag na torthaí seo de bhrí gur baineadh feidhm as t-thástáil (tá staitisticí achoimrithe agus comhéifeachtaí comhghaolúcháin péireáilte do na cúinsí trialacha le feiceáil in Aguisín 1). Tá anailís de na torthaí péireáilte ón t-thástáil le feiceáil i dTábla 12, a léiríonn cibé an bhfuil difear staitisticiúil sa difríocht idir na meáin ag an dá phointe ama. Má scrúdaítear an córas d'am amuigh thar na bliainghrúpaí go léir, feictear go bhfuil difríocht mór staitisticiúil idir líon na gcineálacha eachtraí a tuairiscíodh thar an dá chúinse, rud a chiallaíonn go raibh éifeacht shuntasach ag an obair bhreise a rinneadh le scoileanna ar líon na n-eachtraí a tuairiscíodh. Maidir le h-eachtraí ina raibh 'am amuigh' mar thoradh orthu, ach go háirithe, tá difear mór thar na tréimhsí ama ($t = 2.697$, $p < .01$). Tá sé seo mar an gcéanna don réamhtháscaire ar rancás fisiceach ($t = 2.264$, $p < .05$), leibhéal an ionsaí béil ar dhaltaí eile ($t = 2.346$, $p < .05$), ag déanamh beag de chaidreamh dhaltaí eile ($t = 3.628$, $p < .01$) agus ag tabhairt dúshlán d'údarás an mhúinteora ($t = 2.672$, $p < .01$). Mar sin féin, ní thaispeánann na torthaí difear staitisticiúil mór ar bith do roinnt eachtraí, ina measc ag tabhairt masla béil do mhúinteoirí ($t = 1.110$, $p > .05$), cibearbhulaíocht ($t = .871$, $p > .05$), caitheamh tobac ($t = 1.578$, $p > .05$) agus eachtraí eile ($t = 1.000$, $p > .05$). Taispeánann na torthaí seo go bhfhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh de bharr athrú inginiúil i nádúr an ghaoil idir dalta agus múinteoir maraon le cultúr caidreamhach feabhsaithe.

### TÁBLA 12: TORTHAÍ T-THÁSTÁIL D'AM AMUIGH

| | Meán | Std. D | S. E Meán | t | Sig. |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Am Amuigh | | |
| A_Dímhúinteacht - A_ Dímhúinteacht2 | 2.417 | 6.941 | .896 | 2.697 | .009 |
| B_Rancás_Fis. - B_Rancás_ Fis.2 | .900 | 3.079 | .398 | 2.264 | .027 |
| C_Masla Béil_Daltaí - C_ Masla Beil_Daltaí2 | .817 | 2.696 | .348 | 2.346 | .022 |
| C_Masla Béil_Foireann- C_ Masla Béil_Foireann2 | .333 | 2.326 | .300 | 1.110 | .272 |
| D_Beag_de Chaid._Dal.- D_ Beag_de Chaid._Dal.2 | .750 | 1.601 | .207 | 3.628 | .001 |
| D_Dúshl._Úd._Múin. - D_ Dúshl._Úd._Múin.2 | 1.450 | 4.204 | .543 | 2.672 | .010 |
| E_Cibearbhul. - E_Cibearb-hul.2 | .133 | 1.186 | .153 | .871 | .387 |
| F_Caith.Tobac – Caith. Tobac2 | .283 | 1.391 | .180 | 1.578 | .120 |
| K_Eile - K_Eile2 | .167 | 1.291 | .167 | 1.000 | .321 |

## 4.5 Ag Úsáid Fionraíocht 1-3 Lá

Taispeánann na torthaí i dTábla 13 gur bhain an cohórt scoile ina iomláine (100%) feidhm as córas fionraíochta 1-3 lá laistigh dá gcód smachta agus nach dtáinig aon athrú ar an pholasaí seo thar na tréimhse ama.

### TÁBLA 13: AG TAISPEÁINT CÉATADÁN NA SCOILEANNA A ÚSÁIDEANN FIONRAÍOCHT 1-3 LÁ

| FIONRAÍOCHT | $T_1$ | | $T_2$ | |
|---|---|---|---|---|
| | Sea | Ní hea | Sea | Ní hea |
| Úsáid an Chórais Fionraíochta 1-3 lá | 100% | 0% | 100% | 0% |

Léiríonn trastáblú den líon fionraíochta ag $T_1$, gur cheangal 80% úsáid an phionóis seo le cnuasach rabhaidh nó le heachtra aonair, agus go raibh 10% toilteanach an pionós seo a úsáid beag beann ar rabhaidh agus 10% eile a cheangal seo go díreach le rabhaidh. Ag $T_2$, cheangal 60% de scoileanna é seo le cnuasach rabhaidh nó le heachtra aonair araon. Dúirt 30% go bhféadfadh eachtra aonair amháin a bheith ina chúis leis an phionós. Léiríonn tuilleadh anailíse ar na figiúirí fionraíochtaí dornán torthaí tábhachtacha. Nuair a hamharcadh orthu de réir bliainghrúpa, chonacthas gur úsáideadh an pionós seo thar na bliainghrúpaí go léir, agus, go foriomlán, gurb iad bliainghrúpa a trí (25%) agus bliainghrúpa a cúig (24%) a ba chiontach le leath na bhfionraíochtaí go léir. Taispeánann na torthaí go raibh minicíocht ard ag baint leis an phionós seo ag $T_1$ (Tábla 14), go speisialta i gcás eachtraí de dhrochiompar leanúnach (55), ionsaithe fisiceacha ar dhaltaí eile (35), ionsaí béil ar bhaill foirne (30) agus caitheamh tobac (20). Ina theannta sin, nuair a rinneadh anailís ar na catagóirí seo de réir bliainghrúpa, ba léir go raibh na heachtraí de dhrochiompar leanúnach agus ionsaí béil ar bhaill foirne spréite go ginearáalta thar bhliainghrúpaí a dó, a trí, a cúig agus a sé. Tuairiscíodh an líon eachtraí ab airde do bhliain a haon (37%) agus 23% do bhlianta a dó agus a trí faoi seach.

## TÁBLA 14: AG TAISPEÁINT AN LÍON FIONRAÍOCHTA 1-3 LÁ DE RÉIR AN CINEÁL IOMPAIR AGUS BLIAINGHRÚPA

| Cineál Iompair | Tréimhse Ama | Bliainghrúpa | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Bliain 1 | Bliain 2 | Bliain 3 | Bliain 4 | Bliain 5 | Bliain 6 | Iomlán |
| Easumhlaíocht Leanúnach | $T_1$ | 2 | 14 | 12 | 7 | 12 | 8 | 55 |
| | $T_2$ | 2 | 1 | 7 | 1 | 3 | 1 | 15 |
| Ionsaí fisiceach ar dhaltaí eile | $T_1$ | 13 | 8 | 8 | 0 | 6 | 0 | 35 |
| | $T_2$ | 2 | 7 | 11 | 5 | 3 | 1 | 29 |
| Ionsaí fisiceach ar bhaill foirne | $T_1$ | 0 | 0 | 0 | 0 | 2 | 3 | 5 |
| | $T_2$ | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 |
| Ionsaí béil ar dhaltaí eile | $T_1$ | 0 | 0 | 4 | 2 | 2 | 0 | 8 |
| | $T_2$ | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 |
| Ionsaí béil ar bhaill foirne | $T_1$ | 3 | 7 | 8 | 1 | 5 | 6 | 30 |
| | $T_2$ | 0 | 9 | 9 | 2 | 12 | 3 | 35 |
| Ionsaí ar chaidreamh dhaltaí eile | $T_1$ | 1 | 0 | 1 | 0 | 2 | 0 | 4 |
| | $T_2$ | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 1 |
| Ionsaí ar chaidreamh bhaill foirne | $T_1$ | 0 | 0 | 2 | 1 | 2 | 0 | 5 |
| | $T_2$ | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Cibearbhulaíocht ar dhaltaí eile | $T_1$ | 2 | 0 | 2 | 3 | 3 | 0 | 10 |
| | $T_2$ | 0 | 2 | 0 | 2 | 1 | 0 | 5 |
| Sárú rialacha ar chaitheamh tobac | $T_1$ | 0 | 0 | 3 | 3 | 9 | 5 | 20 |
| | $T_2$ | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 3 | 4 |
| Sárú rialacha ar alcól | $T_1$ | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| | $T_2$ | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Goid, Creach | $T_1$ | 2 | 0 | 3 | 0 | 0 | 0 | 5 |
| | $T_2$ | 0 | 1 | 2 | 3 | 0 | 0 | 6 |
| Mí-úsáid Substaintí | $T_1$ | 2 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 3 |
| | $T_2$ | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 1 |
| Eile | $T_1$ | 0 | 0 | 3 | 0 | 2 | 1 | 6 |
| | $T_2$ | 5 | 10 | 13 | 0 | 12 | 2 | 42 |
| **Iomlán Eachtraí de réir bliana agus ama** | $T_1$ | 25 | 30 | 46 | 17 | 45 | 23 | **186** |
| | $T_2$ | 9 | 32 | 42 | 13 | 32 | 12 | **140** |

Taispeánann anailís chomparáideach ar na torthaí ag $T_2$ gur laghdaigh líon iomlán na bhfiontraíochtaí ó 186 ($T_1$) go 140 ($T_2$), ionann le hathrú céatadáin foriomlán de -24.7% (Tábla 15). Lena chois sin, tugadh faoi deara go dtáinig laghdú ar líon na bhfiontraíochtaí go ginearálta i dtaca leis an mhórchuid de na catagóirí iompair agus go raibh laghdú suntasach in easumhlaíocht leanúnach (-72.7%), ionsaithe chaidreamhach ar bhaill foirne (-100%), ionsaithe béil ar dhaltaí eile (-87.5%) agus caitheamh tobac (-80%).


Maíonn sé sin go dtáinig feabhsú go foriomlán ar na cineálacha iompair a bheadh ina gcúis le bheith curtha ar fionraí. Chonacthas méadú céatadáin i roinnt catagóirí, go háirithe ionsaí béil ar bhaill foirne (16.7%), chomh maith le gadaíocht agus creachadóireacht (20%), cé nach léiríonn sé seo ach athrú beag i ndáiríre. Bhí imní amháin i ndáil leis an ardú i gcoireanna atá tuairiscithe mar 'eile', a thaispeáin ardú céatadáin ionann le 600% agus a bhí le feiceáil i ngach bliainghrúpa diomaite de bhliain a ceathair. Caithfear tuilleadh oibre a dhéanamh lena dheimhniú cad é go díreach atá i gceist le 'eile'.

## TÁBLA 15: AG TAISPEÁINT AN LÍON AGUS AN tATHRÚ CÉATADÁIN IN EACHTRAÍ FIONRAÍOCHTA 1-3 LÁ

| CINEÁL IOMPAIR | IOMLÁN EACHTRAÍ | | ATHRÚ CÉAT-ADÁIN (%) |
|---|---|---|---|
| | $T_1$ | $T_2$ | |
| Easumhlaíocht Leanúnach | 55 | 15 | -72.7% |
| Ionsaí fisiceach ar dhaltaí eile | 35 | 29 | -17.1% |
| Ionsaí fisiceach ar bhaill foirne | 5 | 1 | -80% |
| Ionsaí béil ar dhaltaí eile | 8 | 1 | -87.5% |
| Ionsaí béil ar bhaill foirne | 30 | 35 | 16.7% |
| Ionsaí ar chaidreamh dhaltaí eile | 4 | 1 | -75% |
| Ionsaí ar chaidreamh bhaill foirne | 5 | 0 | -100% |
| Cibearbhulaíocht ar dhaltaí eile | 10 | 5 | -50% |
| Sárú rialacha ar chaitheamh tobac | 20 | 4 | -80% |
| Sárú rialacha ar alcól | 0 | 0 | 0% |
| Goid, Creach | 5 | 6 | 20% |
| Mí-úsáid Substaintí | 3 | 1 | -66.7% |
| Eile | 6 | 42 | 600% |
| **Iomlán Eachtraí de réir bliana agus tréimhse ama** | **186** | **140** | **-24.7%** |

Léiríonn na figiúirí fosta laghdú foriomlán do gach uile bliainghrúpa. Ba é i mbliainghrúpa a haon an t-athrú a ba mhó (-64%) in eachtraí laistigh den tréimhse bliana agus i mbliainghrúpa a sé (-47.8%) agus, níos ísle, i mblianghrúpa a cúig (-28.9%). Ní raibh mórán athruithe in eachtraí do bhliainghrúpa a trí, athrú céatadáin -8.7%, a chuireann in iúl go gcaithfear níos mó airde a thabhairt ar bhlianta a dó, a trí agus a ceathair.

## FIGIÚR 5: AG TAISPEÁINT IOMLÁN EACHTRAÍ DE RÉIR BLIAINGHRÚPA AGUS TRÉIMHSE AMA




Tá tábhacht na dtorthaí i ndáil leis an difríocht ama idir eachtraí, nuair a chuirtear fionraíocht 1-3 lá i bhfeidhm, le feiceáil i dTábla 16 a thaispeánann gurb iad caitheamh tobac ($t = 2.346$, $p < .05$) agus 'eile' ($t = 2.574$, $p < .05$) na heachtraí amháin a léiríonn aon difríocht staitisticiúil thar na dálaí. Maidir le hionsaí béil ar dhaltaí eile, tá sé sin ar an imeall lasmuigh den eatramh muiníne 95% ($t = 1.989$, $p$ .051), ach tá sé suaitheanta ag an leibhéal 90%. Tá na torthaí seo ionchasach siocair go bhfuil déine na n-eachtraí tréithiúil le heachtraí a bheadh go traidisiúnta ina gcúis le tréimhse fionraíochta gearrthéarmach. Is ábhar iontais na torthaí a bhaineann le heaspa difríochtaí staitisticiúla suntasacha thar an dá thréimhse ábhartha i gcás ionsaí fisiceach agus eachtraí ionsaitheacha eile, a thaispeánann laghdú i líon na n-eachtraí; i ndáiríre, áfach, is dócha go bhfuil sé seo bainteach leis an oiriúnú beag san athraitheas.

### TÁBLA 16: T-THÁSTÁIL DO FHIONRAÍOCHT 1-3 LÁ

| | MEAN | STD. D | S. E MEAN | T | SIG. |
|---|---|---|---|---|---|
| **Fionraíocht 1-3 Lá** | | | | | |
| B_Ion._Fis._Dalta - B_Ion._Fis._Dalta2 | .100 | 1.386 | .179 | .559 | .578 |
| B_Ion._Fis._Foir. - B_Ion._Fis._Foir.2 | .067 | .446 | .058 | 1.158 | .252 |
| C_Ion._Béil_Dalta - C_ Ion._Béil_Dalta2 | .117 | .454 | .059 | 1.989 | .051 |
| C_Ion._Béil_Foir. - C_ Ion._Béil_Foir.2 | -.085 | 1.330 | .173 | -.489 | .626 |
| D_Ion._Caid._Dalta - D_Ion._Caid_Dalta2 | .050 | .341 | .044 | 1.137 | .260 |
| D_Ion._Caid._Foir. - D_Ion._Caid_Foir.2 | .083 | .381 | .049 | 1.692 | .096 |
| E_Cibearbhul. - E_Ci-bearbhul.2 | .083 | .671 | .087 | .962 | .340 |
| F_Caith._Tobac - F_ Caith._Tobac2 | .267 | .880 | .114 | 2.346 | .022 |
| G_Goid_Creach - G_ Goid_Creach2 | -.017 | .504 | .065 | -.256 | .799 |
| H_Mí-úsáid_Sub. - H_Mí-úsáid_Sub.2 | .033 | .317 | .041 | .814 | .419 |
| K_Eile - K_Eile2 | -.600 | 1.806 | .233 | -2.574 | .013 |

Léiríonn na torthaí gur lean na scoileanna ar aghaidh ag úsaid fionraíocht 1-3 lá. Go ginearálta, is torthaí dearfacha iad seo mar go dtaispeánann siad laghdú i líon iomlán na n-eachtraí don chuid is mó de na bliainghrúpaí agus don chuid is mó de na cineálacha iompair.

## 4.6 Ar Fionraí ar feadh Ceithre Lá agus Níos Faide

Léiríonn na figiúirí gur bhain 70% den chohórt scoile úsáid as fionraíocht ar feadh 4 lá agus níos faide. Ní tháinig athrú ar bith ar an fhigiúr seo sa tréimhse shamplach, rud a chuireann in iúl go mbaineann na scoileanna sin, ina bhfuil cleachtais athshlánaíocha i bhfeidhm, úsáid as mar chuid dá gcód smachta (Tábla 17).

### TÁBLA 17: AG TAISPEÁINT AN CÉATADÁN DE SCOILEANNA A ÚSÁIDEANN FIONRAÍOCHT AR FEADH 4 LÁ AGUS NÍOS FAIDE

| Fionraíocht | $T_1$ | | $T_2$ | |
|---|---|---|---|---|
| | Sea | Ní hea | Sea | Ní hea |
| Úsáid fionraíocht 4 lá & níos faide | 70% | 30% | 70% | 0% |

Bhí an líon fionraíochta thar 4 lá nó níos faide íseal. Léiríonn anailís ar na torthaí go raibh úsáid fionraíochta ar feadh 4 lá nó níos faide, ag $T_1$, mar thoradh ar eachtraí faoi leith a bhain le drochiompar leanúnach; ionsaí fisiceach ar dhaltaí eile; ionsaí fisiceach ar bhaill foirne; ionsaí béil ar bhaill foirne; gadaíocht, creachadóireacht agus mí-úsáid substaintí. TaispeánannTábla 18 gur cuireadh daltaí ar fionraí den chineál sin 20 am i dtréimhse iomlán an taighde agus gur bhain 8 gcinn acu sin le bliain a 3.

## TÁBLA 18: AG TAISPEÁINT AN LÍON FIONRAÍOCHTA 4 LÁ AGUS NÍOS FAIDE DE RÉIR CINEÁIL AGUS BLIAINGHRÚPA

| Cineál Iompair | Tré-imhse Ama | Bliainghrúpa | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Bliain 1 | Bliain 2 | Bliain 3 | Bliain 4 | Bliain 5 | Bliain 6 | Iom-lán |
| Easumhlaíocht leanúnach | $T_1$ | 0 | 1 | 3 | 0 | 1 | 0 | 5 |
| | $T_2$ | 1 | 0 | 1 | 0 | 1 | 0 | 3 |
| Ionsaí fisiceach ar dhaltaí eile | $T_1$ | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 1 |
| | $T_2$ | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 1 |
| Ionsaí fisiceach ar bhaill foirne | $T_1$ | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 |
| | $T_2$ | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Ionsaí beil ar dhaltaí eile | $T_1$ | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| | $T_2$ | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Ionsaí béil ar bhaill foirne | $T_1$ | 0 | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 | 2 |
| | $T_2$ | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 1 |
| Ionsaí ar chaidreamh dhaltaí eile | $T_1$ | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| | $T_2$ | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Ionsaí ar chaidreamh bhaill foirne | $T_1$ | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| | $T_2$ | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Cibearbhulaíocht ar dhaltaí eile | $T_1$ | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| | $T_2$ | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Sárú Rialacha ar Chaitheamh Tobac | $T_1$ | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| | $T_2$ | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Sárú Rialacha ar Alcól | $T_1$ | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| | $T_2$ | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Goid, Creach | $T_1$ | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 1 |
| | $T_2$ | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 1 |
| Mí-úsáid Substaintí | $T_1$ | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 |
| | $T_2$ | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Eile | $T_1$ | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| | $T_2$ | 0 | 1 | 2 | 0 | 0 | 0 | 3 |
| **Iomlán Eachtraí de réir bliana agus treimhse** | $T_1$ | 1 | 3 | 4 | 0 | 3 | 0 | **11** |
| | $T_2$ | 1 | 1 | 4 | 0 | 2 | 1 | **9** |


Nuair a chuirtear na torthaí ag $T_2$ i gcomparáid leis na catagórí sin a ghin an pionós seo ag $T_1$, bhí laghdú ginearálta ó 11 eachtra ($T_1$) go 9 eachtra ($T_2$). Tháinig laghdú in iomlán na n-eachtraí a bhain le heasumhlaíocht leanúnach, ionsaí fisiceach ar bhaill foirne agus ionsaí béil ar bhaill foirne (Tábla 19).

## TÁBLA 19: AG TAISPEÁINT LÍON AGUS AN tATHRÚ CÉATADÁIN IN EACHTRAÍ FIONRAÍOCHTA 4 LÁ AGUS NÍOS FAIDE

| CINEÁL IOMPAIR | IOMLÁN EACHTRAÍ | | ATHRÚ CÉATADÁIN (%) |
|---|---|---|---|
| | $T_1$ | $T_2$ | |
| Easumhlaíocht leanúnach | 5 | 3 | -40% |
| Ionsaí fisiceach ar dhaltaí eile | 1 | 1 | 0% |
| Ionsaí fisiceach ar bhaill foirne | 1 | 0 | -100% |
| Ionsaí béil ar bhaill foirne | 2 | 1 | -50% |
| Goid, Creachadóireacht | 1 | 1 | 0% |
| Mí-úsáid Substaintí | 1 | 0 | -100% |
| Eile | 0 | 3 | - |
| **Iomlán Eachtraí de réir bliana agus tréimhse ama** | **11** | **9** | **-18.2%** |

Má amharctar ar na figiúirí de réir bliainghrúpaí (Figiúr 6), tá sé deacair tátal ciallmhar a bhaint as siocair an líon beag tuairimí atá tugtha, ach go ginearálta, mar sin féin, is féidir a fheiceáil gur beag athrú a tháinig ar bhiainghrúpaí a haon, a trí agus a ceathair agus nach raibh ach laghdú beag i líon na n-eachtraí do bhlianta a dó agus a trí. I gcomparáid le $T_1$ (91%), ba iad blianta a dó, a trí agus a cúig a bhí ina gcúis le 78% de na fionraíochtaí ag $T_2$.

## FIGIÚR 6: IOMLÁN EACHTRAÍ DE RÉIR BLIAINGHRÚPA AGUS TRÉIMHSE AMA




Ar deireadh, tá an dóchúlacht ann gurb é easpa de dhifríochtaí staitisticiúla suntasacha thar an dá thréimhse trialach don fhionraíocht 4+ lá (Tábla 20) agus gur tharla sé sin de bharr líon teorannach breathnóireachta ar eachtraí agus ar scoileanna maraon leis an athrú measartha beag sna meánscóir.

### TÁBLA 20: T-THÁSTÁIL DO FHIONRAÍOCHT 4 LÁ AGUS NÍOS FAIDE

| | Mean | Std. D | S. E Mean | t | Sig. |
|---|---|---|---|---|---|
| | Fionraíocht 4+ Lá | | | | |
| Easumhlaíocht_Lean. - Ea-sumhlaíocht_Lean.2 | .033 | .410 | .053 | .629 | .532 |
| B_Ion._Fis._Dalta - B_Ion._Fis._Dalta2 | 0.000 | .184 | .024 | 0.000 | 1.000 |
| B_Ion._Fis_Foir. - B_Ion._Fis_Foir.2 | .017 | .129 | .017 | 1.000 | .321 |
| C_Ion._Béil_Foir - C_Ion._Béil_Foir2 | .017 | .225 | .029 | .574 | .568 |
| G_Goid_Creach - G_Goid_Creach2 | 0.000 | .184 | .024 | 0.000 | 1.000 |
| H_Mí-úsáid_Sub. - H_Mí-úsáid_Sub.2 | .017 | .129 | .017 | 1.000 | .321 |
| K_Eile - K_Eile2 | -.050 | .287 | .037 | -1.351 | .182 |

## 4.7 Díbirt

Níor thuairiscigh scoil ar bith aon dhíbirt do chatagóirí na gcineálacha iompair ag am ar bith i rith thréimhse an taighde. Is ábhair dóchais é nár úsáid scoileanna an pionós smachta sin ag aon am sa tréimhse shamplach agus b'fhéidir go bhfuil sé seo mar thoradh ar na cleachtais athshlánaíocha atá curtha i bhfeidhm cheana féin sa chohórt scoile agus daingnithe sa pholasaí iompraíochta.

# 5.0 Bonnlíne Foriomlán a Chruthú d'Iompraíocht Neamhoiriúnach


Sa chuid seo, rinneadh scrúdú ar na freagraí ón chohórt scoile ag an dá thréimhse ama agus tá achoimriú déanta thíos orthu i dTábla 21.

### TÁBLA 21: TÁBLA SUIMITHEACH A LÉIRÍONN AN BONNLÍNE FORIOMLÁN D'IOMPAR NEAMHOIRIÚNACH

| Iompar | Scoil ag Úsáid Pionóis | | Athrú Céatadáin | Eachtraí Tuairiscithe | | Athrú Céatadáin |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | $T_1$ | $T_2$ | | $T_1$ | $T_2$ | |
| Rabhaidh Neamhfhoirmeálta | 90% | 100% | 11.1% | - | - | - |
| Rabhaidh Fhoirmeálta | 70% | 70% | 0% | - | - | - |
| Ar Tuairisc | 90% | 100% | 11.1% | - | - | - |
| Córas Coinneála | 90% | 90% | 0% | - | - | - |
| Am Amuigh | 40% | 40% | 0% | 519 | 84 | -83.8% |
| Fionraíocht 1-3 lá | 100% | 100% | 0% | 186 | 140 | -24.7% |
| Fionraíocht 4+ lá | 70% | 70% | 0% | 11 | 9 | -18.2% |
| Díbirt | 100% | 100% | 0% | 0 | 0 | 0% |

De réir cosúlachta, taispeánann na torthaí gur bhain scoileanna úsáid as pionóis thraidisiúnta chomh maith le cleachtais athshlánaíocha. Maíonn sé seo go bhfuil scoileanna athshlánaíocha ag feidhmiú idir paraidímí. Tá dearcadh amháin ann gur cheart go dtuigfí go bhfuil gá le hathrú chun go dtabharfaí tacaíocht do chleachtais athshlánaíocha agus go bhfeicfear iad mar chóras bainistíochta scoile ina iomláine (Buckley agus Maxwell, 2007). Dhealródh torthaí an taighde seo go bhfuil siad ag aontú leis na táscairí don athrú ar chuir Blood agus Thorsborne síos orthu (2005) agus atá leagtha amach i bhFigiúr 7.

### FIGIÚR 7: SCÁLA AMA AGUS TASCAIRÍ DON ATHRACH




(Ó Blood agus Thorsborne, 2005, faoi athchóiriú)

Ar an tséala sin, léiríonn na torthaí go léir go bhfuil fianaise shoiléir ann de dhea-chleachtas, d'fhorbairt agus d'fheabhsúchán i gcultúr caidrimh sna scoileanna, agus dá bharr sin go bhfuil laghdú foriomlán in eachtraí iompair agus in úsáid pionóis smachta, a thaispeánann difríochtaí staitisticiúla móra thar thréimhse an taighde. Ciallaíonn sé sin gur baineadh amach an dul chun cinn foriomlán a rabhthas ag tnúth leis ag an phointe ama seo agus go bhfuil obair leanúnach riachtanach sa todhchaí chun próisis a athrú, polasaithe a chur in oiriúint agus scileanna a fheabhsú ar mhaithe le cur chuige athshlánaíoch sa scoil uile a dhaingniú i scoileanna. I gCuid 8 thíos, déantar scrúdú níos grinne ar na sásanna agus na slite trínar féidir é seo a chur i gcrích nó, leoga, a chosc.

# 6.0 Cleachtais Athshlánaíocha in Eagraíochtaí um Obair don Aos Óg i gContae Dhún na nGall

Cé go bhfuil eagraíochtaí um obair don aos óg cruthaithe chun tacaíocht a thabhairt d'fhoghlaim agus d'fhorbairt dhaoine óga, tá difríochtaí eatarthu féin agus scoileanna ar mhórán bealaí. Feidhmíonn obair don aos óg laistigh de pharaidím oideachais neamhfhoirmeálta. Tá cáilíocht agus nádúr an chaidrimh lárnach do phróisis oibre don óige. Tá saincheisteanna i ndáil le cumhacht agus smacht, rannpháirtíocht, ilchineálacht na ndaoine óga agus tábhacht na bpiarlíonraí ríthábhachtach don chleachtas. Dá thairbhe sin, bhí gá le hathchóiriú a dhéanamh ar na ceistneoirí scoile chun an mhodheolaíocht a dearadh don taighde i seirbhísí oibre don óige.

Tagann sé chun solais ó na ógeagraíochtaí a bhí rannpháirteach go bhfuil cultúr mar a leanas acu:

- ní úsáidtear pionóis de ghnáth (cé go bhféadfadh oibrithe feidhm a bhaint as a leithéid);
- nuair a úsáidtear iad, baintear feidhm astu ar mhaithe le cuimsiú seachas eisiamh breise;
- is féidir leis na pionóis seo a bheith úsáideach chun daoine óga a spreagadh le bheith níos freagraí agus níos urramaí dá bpiaraí agus do na daoine fásta atá ag tacú leo.

## 6.1 Rabhaidh ó Oibrithe don Óige

Ar na hócáidí sin ina raibh imní fá iompar na ndaoine óga, d'úsáid an dá ógeagraíocht córas rabhaidh neamhfhoirmeálta. Dá n-éireodh an drochiompar níos measa, d'fhéadfaí úsáid a bhaint as rabhaidh fhoirmeálta. De ghnáth, dhéanfadh oibrí sinsearach don óige tuairisciú agus maoirsiú orthu sin.

Bhí cur chuigí difriúla i gceist faoin dóigh ina nginfí rabhaidh fhoirmeálta ó rabhaidh neamhfhoirmeálta. In eagraíocht amháin, bhí lánrogha ag brath ar an duine óg agus ar an chás áirithe. San eagraíocht eile, thabharfaí trí rabhadh neamhfhoirmeálta ar dtús agus ansin rabhadh foirmeálta. In eagraíocht amháin, bheadh cruinniú ag an oibrí óige agus an bainisteoir leis an duine óg maraon lena thuismitheoir nó caomhnóir chun an rabhadh foirmeálta a chur i ngníomh. San eagraíocht eile, ba é ball foirne ábhartha a chur i bhfeidhm é, dhéanfadh an dara ball foirne maoirsiú air agus dhéanfadh ball foirne sinsearach monatóireacht air.

## 6.2 Conarthaí Duine le Duine

Mar fhreagra ar iompar nach raibh inghlactha, d'úsáid an dá eagraíocht conradh aonair leis an duine óg. Baintear feidhm as a leithéid sin ar mhaithe le spriocanna agus ionchais a chomhaontú chomh maith le deis a chruthú chun machnamh a dhéanamh ar cad é atá ag tarlú. I dtogra amháin, úsáideadh é faoi choinne athpháirtíocht thomhaiste sa chlár don duine óg i ndiaidh dó/di a bheith curtha ar fionraí. De ghnáth, úsáideadh na conarthaí seo mar fhreagra ar chibearbhulaíocht, ar mhí-úsáid drugaí nó alcóil, d'iompar coiriúil, d'iompar toirmeascach, d'fhoréigean, i gcás mionnaí móra agus droch-chaint leanúnach, agus do chreachadóireacht. Is féidir na conarthaí seo a chur ar ceal nuair amháin atá cúiteamh déanta ag na daoine óga ar a gcreidiúint a bhuí d'iompar maith.

## 6.3 Am Amuigh

Bhí am amuigh a úsáid ag an dá eagraíocht a bheadh spreagtha, de ghnáth, de bharr eachtraí tromchúiseacha. Níor choinnigh eagraíocht amháin taifead ar am amuigh sular thosaigh an togra taighde. I gcás an chinn eile, tá na figiúirí agus na fáthanna liostaithe thíos i dTábla 22.

### TÁBLA 22: LÍON NA bPÍONOS D'AM AMUIGH A D'ÚSÁID EAGRAÍOCHT AMHÁIN D'OBAIR DON ÓGRA SA BHLIAIN 2012

| FÁTH LE hAM AMUIGH | LÍON NA N-EACHTRAÍ |
|---|---|
| Dímhúinteacht | 20 |
| Rancás fisiceach le daoine óga eile | 5 |
| Masla béil do dhaoine óga eile | 8 |
| Masla béil do bhaill foirne | 10 |
| An déanamh beag de chaidreamh dhaltaí eile | 8 |
| Ag tabhairt dúshlán d'údarás oibrí | 4 |
| Cibearbhulaíocht – an chéad choir | 3 |
| **Iomlán eachtraí** | **58** |

Léiríonn na figiúirí gurbh é iompar toirmeascach an cineál iompair a ba mhó a ghin Am Amuigh, ionann le corradh is trian (34.5%) de na heachtraí. Bhí masla béil do bhaill foirne ina chúis le 17.2% d'iomlán na n-eachtraí.

Thaispeáin figiúirí ón dá eagraíocht don bhliain 2013 gur tharla 341 eachtra a bhí ina gcúis le húsáid Am Amuigh ag an phointe áirimh. Nuair a déantar iad a imdhealú de réir an cineáil iompair, is léir gurbh é iompar toirmeascach a bhí ina chúis le 34.9% de na heachtraí go léir a raibh Am Amuigh mar thoradh orthu, agus gurbh iad rancás fisiceach (23.5%) agus masla béil do bhaill foirne (17.6%) na cúiseanna eile a ba mhó. Is fiú a thabhairt faoi deara nach raibh eachtraí ar bith i dtaca le déanamh beag de chaidhreamh dhaoine óga eile tuairiscithe sa bhliain 2013 (Tábla 23).

### TÁBLA 23: LÍON NA N-AMANNA AMUIGH A D'ÚSÁID EAGRAÍOCHTAÍ D'OBAIR DON ÓGRA SA BHLIAIN 2013

| Fáth le hAm Amuigh | Líon Eachtraí |
|---|---|
| Dímhúinteacht | 119 |
| Rancás fisiceach le daoine óga eile | 80 |
| Masla béil do dhaoine óga eile | 60 |
| Masla béil do bhaill foirne | 45 |
| An déanamh beag de chaidreamh dhaltaí eile | 0 |
| Ag tabhairt dúshlán d'údarás oibrí | 27 |
| Cibearbhulaíocht – an chéad chion | 10 |
| **Iomlán eachtraí** | **341** |

Go foriomlán, léiríonn na torthaí go soiléir go n-úsáidtear Am Amuigh go rialta mar mhodh chun iompar a bhainistiú laistigh de na heagraíochtaí um obair don óige, go háirithe i gcás leibhéil ísle iompair.

## 6.4 Fionraíocht

D'úsáid eagraíocht amháin an pionós fionraíochta; níor bhain an ceann eile úsáid as. Tá na figiúirí d'eagraíocht amháin faoi choinne 2012 agus 2013 sonraithe i dTábla 24, thíos.

### TÁBLA 24: AN LÍON FIONRAÍOCHTA A D'ÚSÁIDF EAGRAÍOCHT AMHÁIN D'OBAIR DON ÓGRA SA BHLIAIN

| Fáth le bheith curtha ar fionraí | Líon Eachtraí | |
|---|---|---|
| | 2012 | 2013 |
| Easumhlaíocht leanúnach | 1 | 3 |
| Rancás fisiceach le daoine óga eile | 2 | 0 |
| Ionsaí béil ar dhaoine óga eile | 0 | 1 |
| Ionsaí béil ar bhaill foirne | 3 | 2 |
| Ag déanamh beag de chaidreamh dhaoine óga eile | 2 | 0 |
| Ag tabhairt dúshláin d'údarás oibrí | 0 | 0 |
| Cibearbhulaíocht, an Chéad Choir | 0 | 0 |
| Caitheamh Tobac | 0 | 1 |
| Goid, creachadóireacht | 2 | 0 |
| Mí-úsáid Substaintí | 1 | 0 |
| **Iomlán Eachtraí** | **11** | **7** |

Taispeanánn na torthaí go dtáinig laghdú ar líon na bhfionraíochtaí ó 11 go 7 in eagraíocht amháin, laghdú céatadáin de -36.7%. D'ainneoin seo, agus go praiticiúil i dtaca le ballraíocht fhoriomlan na ndaoine óga, tarraingíonn na figiúirí aird ar an fhíric go raibh fíorbheagán deacrachtaí iompair i gceist a ghin fionraíocht. Sa bhliain 2012, ba é ionsaí béil ar bhaill foirne an fáth a ba mhó le fionraíocht, ionann le níos mó ná ceathrú (27.3%) de na fionraíochtaí. Rancás fisiceach, ionsaithe chaidreamhacha ar dhaoine óga eile agus gadaíocht nó creachadóireacht a bhí ina gcúis le 18.2% faoi seach. Sa bhliain 2013, ba é easumhlaíocht leanúnach a bhí ina phríomhchúis le fionraíocht (42.8%) agus ionsuithe béil ar bhaill forne ina gcúis le 28.6% de chásanna fionraíochta eile.

## 6.5 Díbirt

Bhain eagraíocht amhain úsáid as díbirt má bhí an cás tromchúiseach go leor; níor bhain an eagraíocht eile úsáid as a leithéid. Sa bhliain 2012, díbríodh dhá dhuine óg ón eagraíocht ina raibh an pionós sin i bhfeidhm. Níor thuairiscigh ceachtar de na heagraíochtaí aon díbirt don bhliain 2013.

### TÁBLA 25: LÍON NA nDÍBIRTÍ A D'ÚSÁID EAGRAÍOCHT AMHÁIN D'OBAIR DON ÓGRA

| Díbirtí | 2012 | 2013 |
|---|---|---|
| Líon na nDíbirtí | 2 | 0 |

Déanann Ionaid Ógtheagmhála cláracha foghlama ar bhonn aonraic a thariscint do dhaoine óga a bhí ag streachailt le hoideachas foirmeálta sna scoileanna agus a d'fhág chun páirt a ghlachadh sa chlár seo. Tá na ranganna níos lú agus tá níos mó ama ag teagascóirí caidreamh a fhorbairt leis na foghlaimeoirí. Rinneadh an taighde seo a dhearadh ar mhaithe le comparáid a dhéanamh idir na cleachtais i ndáil le bainistiú iompair ag tús an chláir leis na cleachtais á ndéanamh forbairt agus daingniú orthu tar éis bliain amháin den togra. Cuireadh an chéad suirbhé i gcrích i mí Mhárta 2012 agus rinneadh an dara suirbhé i mí Mhárta 2013.

# 7.0 Cleachtais Athshlánaíocha in Ionaid Ógtheagmhála i gContae Dhún na nGall

## 7.1 Ag Úsáid Pionós

Nuair a baintear úsáid as mar mhodh le daoine óga machnamh a dhéanamh ar a ngníomhartha agus freagracht a ghlacadh ar a son, is féidir le hAm Amuigh spás a chruthú chun machnamh a dhéanamh ar cheisteanna a ghineann imní. Ar mhaithe leis na figiúirí i dTábla 26 (thíos) a chur i gcomhthéacs, bhí na hIonaid ag am an tsuirbhé freagrach do 116 duine óg. Maidir le 'rabhaidh' agus 'ar tuairisc', bhí na hionaid thar a bheith soiléir sa mhéid is go raibh nósanna imeachta i bhfeidhm faoi mhaoirseacht Chomhordaitheora an Ionaid. Bhí cultúr láidir i réim de bheith ag súil go n-athródh meon an fhoghlaimeora agus go leanfadh sé nó sí ar aghaidh lena rannpháirtíocht sa chlár. Ní raibh 'Coinneáil' mar chuid de chleachtais na nIonad.

Baintear úsáid rialta as Am Amuigh i gceithre Ionad agus ní usáideann Ionad amháin an cur chuige seo ar chor ar bith. I gceann amháin de na hIonaid, bhaintí úsáid as am amuigh ar dtús sula gcuirfí pionóis ar bith i bhfeidhm. Thar an iomlán, dúirt na hIonaid gur úsáid siad am amuigh ar 136 ócáid chun bainistiú a dhéanamh ar iompar dhaoine óga atá deacair a spreagadh, a chuireann in aghaidh struchtúir nach dtuigeann siad nó a mbíonn eispéiris dhiúltacha leo ón scoil.

### TÁBLA 26: ÚSÁID TUAIRISCITHE AR AM AMUIGH SA BHLIAIN 2012*

| Cineál Iompair | Blian-ghrúpa 1 | Blian-ghrúpa 2 | Blian-ghrúpa 3 | Blian-ghrúpa 4 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| Dímhúinteacht | 14 | 9 | 5 | 12 | **40** |
| Rancás fisiceach le foghlaimeoirí eile | 2 | 12 | 8 | 3 | **25** |
| Ionsaí béil ar fhoghlaimeoirí eile | 2 | 11 | 0 | 0 | **13** |
| Ionsaí béil ar bhaill foirne | 12 | 1 | 2 | 0 | **15** |
| Ag tabhairt dúshlán d'údarás tea-gascóra | 3 | 3 | 2 | 9 | **17** |
| Cibearbhulaíocht, an Chéad Choir | 0 | 1 | 0 | 0 | **1** |
| Ag Caitheamh Tobac | 7 | 2 | 7 | 9 | **25** |
| **Iomlán** | **40** | **39** | **24** | **33** | **136** |

***Bunaithe ar fhigiúirí a fuarthas ó 2 Ionad**

Tá na figiúirí do 2013 liostaithe i dTábla 27, ina n-áirítear an úsáid d'am amuigh a tuairiscíodh do bhliainghrúpa a cúig.

### TÁBLA 27: ÚSÁID TUAIRISCITHE AR AM AMUIGH SA BHLIAIN 2013*

| Cineál Iompair | Bliain-ghrúpa 1 | Bliain-ghrúpa 2 | Bliain-ghrúpa 3 | Bliain-ghrúpa 4 | Bliain-ghrúpa 5 | IOM-LÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Dímhúinteacht | 12 | 7 | 20 | 6 | 60 | **105** |
| Rancás fisiceach le foghlaim-eoirí eile | 6 | 1 | 2 | 2 | 45 | **56** |
| Ionsaí béil ar fhoghlaimeoirí eile | 1 | 16 | 0 | 0 | 12 | **29** |
| Ionsaí béil ar bhaill foirne | 5 | 2 | 2 | 1 | 10 | **20** |
| Ag tabhairt dúshlán d'údarás teagascóra | 5 | 1 | 9 | 10 | 30 | **55** |
| Ag Caitheamh Tobac | 2 | 2 | 4 | 2 | 2 | **12** |
| **Iomlán** | **31** | **29** | **37** | **21** | **159** | **277** |

*** Bunaithe ar fhigiúirí ó 2 Ionad**

Níor cheadaigh an suirbhé measúnacht ar conas a úsaidtear am amuigh agus cé acu an mbraitheann an duine óg gur deis é le machnamh a dhéanamh ar fhreagracht agus foghlaim uaidh, nó an bhfeictear é go díreach mar phionós. D'ainneoin sin, léiríonn na figiúirí gur baineadh úsáid as am amuigh go rialta le bainistiú a dhéanamh ar iompar dhaoine óga. Ina theannta sin, tugadh faoi deara gur úsáideadh 57.4% d'ócáidí d'am amuigh sa bhliain 2013 do bhliainghrúpa a cúig. Ní féidir a bheith cinnte cibé atá seo amhlaidh de bhrí nach bhfuiltear ag iarraidh pionóis níos déine a úsáid feasta.

Mar sin féin, ba chóir a thabhairt faoi deara chomh maith gur meastúcháin atá i gcuid mhór de na figiúirí seo. A bhuíochas do thaithí, tá a fhios againn go bhfuil sé riachtanach tuairisciú agus monatóireacht bheacht a dhéanamh ar eochairtháscairí den athrú má tá cleachtais úrnua le bheith daingnithe in eagraíocht.

## 7.2 Ag Úsáid Fionraíocht

D'úsáid gach ionad Fionraíocht ar feadh 1 go 3 lá mar phionós. Maidir leis seo, bhí teorainneacha iontach soiléir ann a bhí ina gcúis le fionraí agus, ag an am céanna, bhí dóchas ann i gcónaí go dtiocfadh na daoine óga ar ais. Sa bhliain 2012, tuairiscíodh 36 eachtra fionraíochta amach as 116 dalta. D'fhéadfadh an ráta measartha ard fionraíochta sin a bheith mar bhonn agus thaca leis an ghreasacht chun cultúir níos athshlánaíoch a fhorbairt laistigh de na hIonaid seo siocair gur féidir lena leithéid d'fhionraíocht cur isteach go mór ar oideachas agus ar fhorbairt an duine óig agus a bheith ina chúis le strus i measc foirne agus foghlaimeoirí araon. Léiríonn na figiúirí chomh maith nach mbaintear úsáid as fionraíocht níos faide ná 4 lá ach go fíorannamh.

### TÁBLÁ 28: ÚSÁID TUAIRISCITHE AR FHIONRAÍOCHT IN 2012

| Cineál Iompair | Bliain Grúpa 1 | Bliain Grúpa 2 | Bliain Grúpa 3 | Bliain Grúpa 4 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| Easumhlaíocht leanúnach | 2 | 1 | 6 | 3 | **12** |
| Ionsaí fisiceach ar fhoghlaimeoirí eile | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| Ionsaí fisiceach ar bhaill foirne | 2 | 1 | 1 | 0 | **4** |
| Ionsaí Béil ar fhoghlaimeoirí eile | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| Ionsaí Beil ar bhaill foirne | 3 | 1 | 1 | 4 | **9** |
| Ionsaí caidreamhach ar fhoghlaim-eoirí | 2 | 1 | 1 | 1 | **5** |
| Ag sárú rialacha an ionaid ar chaitheamh tobac | 1 | 2 | 0 | 0 | **3** |
| Ag sárú rialacha an ionaid ar alcól | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| Gadaíocht, creachadóireacht | 0 | 2 | 1 | 0 | **3** |
| **Iomlán:** | **10** | **8** | **10** | **8** | **36** |

Taispeánann na torthaí ó 2013, gur cuireadh triúr óga, san iomlán, ar fionraí ó Ionaid, iad go léir mar gheall ar easumhlaíocht leanúnach. Dúirt Ionad amháin, cé go raibh an rogha fionraíochta acu ar fad, nár baineadh úsaid as i rith na bliana. Ar an tséala sin, taispeánann na figiúirí go dtáinig laghdú ar eachtraí fionraíochta ó 36 go 3 laistigh de thréimhse bliana, athrach suntasach i gcleachtais.

## 7.3 Ag Usáid Díbirt

Bhí díbirt in úsáid ag dhá cheann de na hIonaid. Sa bhliain 2012, taispeánann na figiúirí gur tuairiscíodh 6 dhíbirt. Sa bhliain 2013, áfach, níor tharla ach díbirt amháin.

### TÁBLA 29: AN LÍON DÍBIRTÍ A D'ÚSÁID IONAID*

| DÍBIRT | 2012 | 2013 |
|---|---|---|
| Líon na nDíbirtí | 6 | 1 |

***Bunaithe ar 2 Ionad a úsáideann díbirt**

## 7.4 Measúnacht Iomlán

Mar bhuille scoir, maíonn na torthaí go bhfuil Ionaid Ógtheagmhála ag brath níos mó ar mhodhanna chuimsitheacha, macasamhail am amuigh, agus níos lú ar fhionraíocht agus díbirt mar fhreagra ar iompar dúshlánach.

Dúirt Comhordaitheoirí na nIonad go ndearnadh “caibidil agus comhaontú” ar chur chuigí i leith cleachtais athshlánaíocha. Tá sé inspéise gur beag dul chun cinn a léiríonn na freagraí ar an cheist ina bhfiafraítear an bhfuil cleachtais athshlánaíocha curtha isteach i bpolasaithe iompair anois, agus gur “measartha neadaithe” a thugann meán na bhfreagraí. Os a choinne sin, deir na freagróirí go bhfuil cleachtais athshlánaíocha daingnithe den chuid is mó nó go hiomlán sna “córais tréadchúraim agus tacaíochta”.

I mbabtha a haon, thuairiscigh dhá ionad nach raibh “oiliúint fhoirne uile san ionad” déanta acu. I mbabtha a dó, bhí sé seo laghdaithe go dtí ionad amháin a dúirt nár ghlac siad páirt ina leithéid d’oiliúint. Dúirt na hionaid eile go léir go raibh idir 11 agus 20 uair a chloig caite acu ar oiliúint i gcleachtais athshlánaíocha le bliain anuas. Sa chéad bhabhtha, dúirt ceithre ionad nach ndeachaidh siad i mbun aon fheachtais chun feasacht ar chleachtais athshlánaíocha a ardú i measc na ndaoine óga. I mbabtha a dó, dúirt dhá ionad go raibh a leithéid déanta acu anois. Tá sé suimiúil nár thionscnaigh ionad ar bith traenáil in idirghabháil chomhghleacaithe. B’fhéidir go gciallaíonn sé sin go nglactar leis san am i láthair go bhfuil cleachtais athshlánaithe laistigh de pharaidím dhuine fásta le duine óg. Sa bhliain 2012, léirigh dhá ionad gur mhaith leo Comhairle na bhFoghlaimeoirí a bheith rannpháirteach i mbearta do réiteach aighnis. Ní thaispeánann na freagraí i mbabtha a dó cé acu ar tharla nó nár tharla a leithéid sin. Dúirt ionad amháin (i mbabtha a dó) go ndéantar cleachtais athshlánaíocha a phlé le linn seisiúin ionduchtúcháin an fhoghlaimeora.

I mbabtha a haon, chuir roinnt ionad in iúl go raibh siad i bhfách le comhoibriú le tuismitheoirí agus rinneadh measarthacht forbartha air sin. I mbabtha a haon dúirt na freagróirí go léir nach ndeachaigh siad i dteagmháil le tuismitheoirí chun iad a chur ar an eolas fá chleachtais athshlánaíocha. I mbabtha a dó, duirt dhá fhreagróir go raibh siad a dhéanamh sin anois a bhuí d’eolas a chur chuig tuismitheoirí ag míniú dóibh cén tionchar a bheadh ag cleachtais athshlánaíocha ar cur chuige an ionaid. Tugadh comhartha eile den athrú i dtreo cleachtais athshláníocha nuair a mhaigh freagróirí, i mbabtha a dó, go dtarlaíonn comhráite athshlánaíocha neamhfhoirmeálta níos minice anois ná mar a tuairiscíodh i mbabtha a haon. I mbabtha a dó, roghnaíodh “go measartha” agus “go minic” ach i mbabtha a haon bhí na freagraí spréite ó ‘choíche’ go ‘corruair’ agus gan ach ionad amháin ag rá “go minic” ag an am sin.

Chuir freagróir amháin tic ar “choíche”, maraon le nóta éifeachteach:

> “Tá deacracht agam an focal ‘athshlánaíoch’ a chur roimh an chleachtas a bhí i bhfeidhm againn cheana féin – sé sin, comhráite, obair ghrúpa, idirghabhálacha teaghlaigh, rólghlacadh, diospóireachtaí, plé. Tá an claonadh ann ‘athshlánaíoch’ a chur chun cinn mar an t-aon bhealach nó mar an bealach is fearr.”

Chuir freagrórí in iúl i mbabtha a dó i ndáil le cruinnithe athshlánaíocha chun aghaidh a thabhairt ar dhochar go n-úsáideann siad meascán cothrom smachta agus cleachtais athshlánaíocha, nó cleachtais athshlánaíocha in éineacht le roinnt smachta traidisiúnta. Bhí sé seo a leanas le rá ag freagróir amhain i mbabtha a dó: “is é seo an dúshlán is mó atá os ár gcoinne i láthair na huaire – na hacmhainní agus an t-am a fháil le hoibriú ar an bhealach seo”, agus lean siad ar aghaidh ag rá “go ndéanfadh siad iarracht am faoi leith a chur ar leataobh ar mhaithe le bainistiú níos éasca a dhéanamh ar an phróiseas”. Nuair a thángthas go dtí na ceisteanna i leith “dianfhreagraí chun caidreamh a leigheas agus dochar a athchóiriú” tá an chosúlacht ann go bhfuil athrú beag tagtha ar an easnamh muiníne agus traenála do chomhdhálacha foirmeálta de bhrí go ndeir formhór na n-ionad go bhfuair dornán ball foirne traenáil ina leithéid agus mhaigh beirt go mbainfeadh siad úsáid as “mórchomhdháil athshlánaíoch” dá mbeadh “ábhar tromchúiseach iompair i gceist”.

# 8.0 Conclúidí agus Moltaí

## 8.1 Conclúidí

Tá an tuarascáil seo bunaithe ar na freagraí a fuarthas ó 17 eagraíocht a chuireann chun cinn agus a thugann tacaíocht d'fhoghlaim agus d'fhorbairt dhaoine óga i gCo. Dhún na nGall. Chomhlánaigh siad dhá cheistneoir ag tús agus ag deireadh tréimhse dhá mhí dhéag, ag tosú in earrach na bliana 2012. Deimhníonn an tuarascáil go bhfuil coincheap na gcleachtas athshlánaíoch, maraon le cuid dá phrionsabail agus cleachtais, le sonrú i ngach uile eagraíocht a ghlac páirt sa taighde seo. Níl mionsonraí an scéil laistigh de gach eagraíocht curtha in iúl sna ceistneoirí. Is dócha go bhfuil ábharthacht ag roinnt fachtóirí ar mhaithe lena thuiscint cén dóigh a bhfuil cleachtais athshlánaíocha ag forbairt i nDún na nGall.

1. Na comhráite fá luachmhaireacht chleachtais athshlánaíoch a ndeachas ina mbun dornán blianta ó shin laistigh de Bhord Oideachais & Oiliúna Dhún na nGall agus an toilteanas a bhí ag daoine gníomhú de réir na gcomhráite sin i slite praiticiúla.

2. An cleachtas de "curaidh aonair", ina measc bainisteoirí sinsearacha, i roinnt eagraíochtaí.

3. An t-uchtach a tháinig as úsáid chomhdhálacha i ndáil le heachtraí níos tromchúisigh agus na hiarmhairtí maithe a mheas daoine a d'eascair ó na comhdhálacha sin.

4. An traenáil a chuir saineolaithe neamhspleácha i gcleachtais athshlánaíocha ar fáil i suíomhanna éagsúla le trí bliana anuas.

5. Rannpháirtíocht bhaill foirne áirithe ón chúrsa do Theastas Iarchéime i gCleachtais Athshlánaíocha in Ollscoil Uladh.

6. An t-éifeacht ionchasach de bharr a bheith rannpháirteach sa taighde.

7. Fianaise ar thorthaí dearfacha ó chleachtais athshlánaíocha i scoileanna, in ionaid Ógtheagmhála agus i seirbhísí don óige.

Mar thoradh ar an taighde, tháinig laghdú ar na modhanna do bhainistiú iompair a bhíonn ina gcúis le heisiamh agus méadú i gcur chuigí smachta a dhéanann cuimsiú ar dhaoine óga. Is é seo an cineál athrú atá inmharthana san fhadtéarma má fheiceann agus má chluineann agus má mhothaíonn gach duine go bhfuil cothroime i réim agus go dtugtar tacaíocht do gach éinne.

Tá na seanmhodhanna chun dhul i ngleic le drochiompar , go háirithe i scoileanna, go fóill ag brath go mór ar pholasaithe agus ar chleachtais nach bhfuil ag teacht le cur chuigí athshlánaíocha. Tá tuilleadh plé de dhíth ar an réasúnaíocht atá taobh thiar de na cur chuigí sin agus ar an teannas a nochtann dá bharr. Tá sé ró éasca "maith" nó "olc" a chur i leith na straitéisí sin. Is fearr i bhfad díriú ar chroíchuspóir na suíomh oideachasúil agus pobail a chothú a thabharfaidh príomhaíocht ina gcleachtas don duine, don dínit, don fhiúntas agus d'éirim gach ball de na pobail sin. Nuair a déantar damáiste díobh sin mar gheall ar fhocail agus ar ghníomhartha easurramacha nó iompar a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le dochar níos tromchúisigh, is féidir le cleachtais athshlánaíocha mod-hanna chuimsitheacha níos sásúla a ofráil chun rudaí a chur ina gceart. Corruair, bíonn eagraíochtaí thar a bheith soiléir faoin chineál iompair a bhfuil siad ina éadan, bulaíocht mar shampla. Cabhraíonn cur chuige athshlánaíoch le heagraíochtaí a bheith níos soiléire, ina bhfocail agus ina ngníomhartha, fá cad é a sheasaíonn siad dó.


Go minic, ceanglaítear forbairt na gcleachtas athshlánaíoch i scoileanna, i dtograí don óige agus in ionaid Ógth-eagmhála le mór-aistriú i mbainistíocht dímhúinteachta i measc dhaoine óga. Má chuirtear cleachtas athsh-lánaíoch i bhfeidhm, tig leis foghlaim a fheabhsú a bhuíochas d'iompar freagrach a chothú i measc dhaoine óga dá ngníomhartha féin agus dá gcaidreamh comhchoiteann laistigh den scoil, de chóras Ógtheagmhála nó do chóras oibre don óige, ina n-áirítear a gcomhghleacaithe, a múinteoirí agus a dtuismitheoirí. Ar an tséala sin, má ghlactar le cur chuige athshlánaíoch ba cheart a bheith ag súil le tacaíocht chaidrimh réamhghníomhach a chur chun cinn agus a chur i gcomhréir do thuismitheoirí, do mhúinteoirí agus do scoileanna, rud a rachas chun tairbhe do gach uile dhuine. Nuair a chuirtear fianaise thaighde agus eispéiris i ndáil le forbairt ar Chleachtais Athshlánaíocha i scoileanna in Éirinn, sa Ríocht Aontaithe, i gCeanada, sa Nua-Shéalainn, i Stáit Aontaithe Mheiriceá agus san Astráil le chéile, feictear go bhfuil comhaontú leitheadach i gceist le ceithre leibhéal idirfhite ábhartha do chur chuige scoile uile. Mar sin de, bhí an dara ceistneoir deartha ar mhaithe le freagraí a fháil ar na ceithre leibhéal cleachtais a bhí comhghaolmhar, siad sin go sonrach: (1) An Straitéis Iomlán i dtaobh Rialachas, Struchtúir agus Próisis; (2) An Cur Chuige sa Scoil Uile le hiomlán foirne agus mic léinn, le Fócas ar Chruthú Caidreamh Sláintiúil agus Dochar a Chosc; (3) Cur Chuigí Spriocdhírithe ina bhfuil an Fócas ar Chothú Caidrimh agus ar Réiteach Aighnis i reáchtáil laethúil na scoile; agus (4) Dianfhreagraí ar na hócáidí sin ina dtarlaíonn dochar suntasach.

Tá an múnla nó an eiseamláir atá curtha le chéile ag Ollscoil Uladh bunaithe ar fheiceáil scoile nó togra don óige mar mhicreacosma den sochaí nó mar phobal. Chomh maith le pleanáil do na torthaí oideachais nó an fhorbairt phearsanta a bhfuiltear ag súil leo, agus ag eagrú acmhainní agus ag cur próisis i bhfeidhm chun na torthaí seo a ghnóthú, caithfidh eagraíochtaí oideachasúla agus óige slite a aimsiú chun timpeallacht shábháilte rialaithe a chothú don fhoghlaim agus don fhorbairt, díreach mar a chaithfeas pobail éagsúla bealaí a aimsiú le bheith beo i gcuideachta a chéile go síochánta. Creidimid go n-oibríonn sé seo trí chothú a dhéanamh ar shraith norm atá bunaithe ar fhiúchais agus ar chreideamh comhchoiteanta. Agus tá sé seo bunaithe ar cháilíocht an chaidrimh atá ag daoine le chéile, de réir tréithe na braistinte pobail comhroinnte agus a gcuspóir comhchoiteann.

Caithfidh scoil, togra óige agus ionad Ógtheagmhála machnamh cúramach a dhéanamh ar an dóigh a ndéanfaidh siad forbairt ar chultúr, ar chaidreamh agus ar phróisis sóisialaithe chun tacú lena n-iarmhairtí pleanáilte oideachasúla agus forbartha. Creidimid, áfach, gurb é trí chultúr, caidreamh agus sóisialú a thagann daoine óga chun foirfeachta, go bhforbraíonn siad urraim agus go mbíonn siad ina ndaoine fásta freagracha. Lena rá ar bhealach eile, cuireann na gnéithe seo de shaol na heagraíochta deiseanna foghlama ar fáil. Mar sin de, níor cheart do chur chuige athshlánaíoch laistigh de scoil, de thogra óige nó d'ionad Ógtheagmhála díriú ar bhainistíocht iompair amháin; ina ionad sin, ba chóir dóibh cleachtas athshlánaíoch a fheiceáil mar chóras smachta malartach. Tá fócas an chur chuige uile dírithe ar athrú a dhéanamh i gcultúr agus i gcaidreamh na scoile ar mhaithe leis na próisis agus na hiarmhairtí acadúla agus an fhoghlaim shóisialaithe a fheabhsú. Beidh príomhaíocht ag fiúntais na hurraime, na sábháilteachta, na cuimsitheachta, na freagrachta agus na cothromaíochta sa chultúr. Déanfaidh gach uile ghaol laistigh den scoil, den togra óige agus den ionad Ógtheagmhála, maraon leis an teanga chumarsáide, iad sin a léiriú ar bhunús laethúil.

Tá tábhacht ag baint le cleachtais athshlánaíocha faoi leith, macasamhail idirghabháil agus comhdhálacha, ach níor chóir go mbeadh siad mar fhócas príomha den chur chuige eagraíochta uile. Is modhanna éifeachtacha iad chun dul i ngleic le dochar nuair a úsáidtear fiúntais agus scileanna chun iad a threorú. Tugann siad guth do na daoine sin a n-éistear leo. Ansin, is féidir aghaidh a thabhairt ar an rud a chuaigh mícheart agus, nuair is gá, is féidir rudaí a chur ina gceart agus glacadh leis an leithscéal a ofráiltear. A bhuíochas do na próisis seo, foghlaimítear ceachtanna faoin dóigh ina dtig le daoine fáil ar aghaidh go maith le chéile agus déantar na nascanna idir dhaoine a láidriú. I mí na Samhna 2011, nuair a chas an Ollscoil le 99 múinteoir, oibrithe óige agus foirne Ógtheagmhála ó Cho. Dhún na nGall, mhol muid gur chóir amharc ar comhdhálacha agus idirghabháil mar chuid d'ardán oideachasúil níos leitheadaí. Rinneamar cur síos ar mhúnla atá ceangailte le cultúr urraime, cultúr a chothaíonn caidreamh, foghlaim agus gnóthachan (Figiúr 8, thíos).

## FIGIÚR 8: AN SCOIL ATHSHLÁNAÍOCH: MÚNLA DINIMICIÚIL




Ba cheart go mbeadh gach sféar cleachtais díobh seo imeasctha agus idirghníomhach sa dóigh go dtig le pobal na scoile, an ionaid nó an togra óige fás agus tacú lena gcuid ball. Creidimid gurb é togra fadtéarmach a bheas i gceist chun a leithéid de chur chuige córasach uile a chruthú. Chun na críche sin, ofrálann muid na moltaí seo a leanas.

## 8.2 Moltaí

1. Déanamh cinnte go bhfuil éiteas agus ailtireacht eagrúcháin na gcleachtas athshlánaíoch le tabhairt faoi deara sna ráitis polasaithe ábhartha i ngach uile scoil agus ionad i nDún na nGall. Ba chóir go ndéanfadh sé sin soiléiriú ar "cur chuigí eagrúcháin uile" i dtaca le cleachtais athshlánaíocha de, ina n-áirítear an caidreamh idir bhaill foirne, idir foirne agus tuismitheoirí chomh maith le hidir foirne agus daoine óga. Lena chois sin, ba chóir do aghaidh a thabhairt ar agus réiteach a fháil ar na teannais idir paraidímí iomaíocha de bhainistíocht iompair agus cur chuige athshlánaíoch i leith an smachta.

2. Polasaí agus chleachtas a fhorbairt d'úsáid teanga na foirne gairmiúla chun go léiríonn sí an cultúr a bhfuiltear i bhfách leis agus chun go n-úsáidtear í ar mhaithe le hurraim do shainaitheantas pearsanta a fheidhmiú agus a fheabhsú.

3. Daoine óga a thraenáil i gcleachtais athshlánaíocha.

4. Traenáil i gcleachtais athshlánaíocha a chur ar fáil do líonraí teaghlach atá nasctha le hiomlán eagraíochtaí oideachais/obair óige.

5. Bealaí a fhorbairt do fhoirne reatha a bhfuil taithí acu i gcleachtais athshlánaíocha, chun go mbeidh ar a gcumas a bheith ina n-oiliúnóirí sna tionscnaimh thuasluaite.

6. Grúpaí de chleachtóirí mhachnamacha a bhunú ar fud an chontae chun tacú le forbairt ar chleachtas.

7. Lámhleabhar Cleachtóra Dhún na nGall a fhoilsiú le soiléiriú a dhéanamh ar chleachtas athshlánaíoch agus a nascanna le hobair ghrúpa, le hidirghabháil agus le cur chuigí caidreamhbhunaithe eile chun réiteach a fháil ar aighneas.

8. Comhoibriú a chur chun cinn idir líonra an Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus gníomhaireachtaí ábhartha eile, ina measc na Gardaí, an FSS agus Comhairle Chontae Dhún na nGall.

9. Scéal Bhoird Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall go dtí seo a chur i láthair an Ghrúpa Oibre Aireachta Thuaidh/Theas.

I dtaca le gach ceann de na moltaí seo, is féidir le Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall a bheith lánchinnte de thacaíocht Ollscoil Uladh.

# 9.0 Aguisíní

AGUISÍN 1: STAITISTICÍ PÉIREÁILTE SAMPLACHA

| | Meán | N | Diall Caigh-deánach | Earráid Chaigh. Meán |
|---|---|---|---|---|
| A_Dímhúinteacht | 2.93 | 60 | 7.011 | .905 |
| A_Dímhúinteacht_2 | .52 | 60 | 1.242 | .160 |
| B_Rancás_Fis. | .97 | 60 | 3.042 | .393 |
| B_Rancás_Fis.2 | .07 | 60 | .312 | .040 |
| C_Íde_Béil_Dalta | .95 | 60 | 2.626 | .339 |
| C_Íde_Béil_Dalta2 | .13 | 60 | .676 | .087 |
| C_Íde_Béile_Foir | .67 | 60 | 2.144 | .277 |
| C_Íde _Béil_Foir2 | .33 | 60 | 1.020 | .132 |
| D_Beag_de Chaid._Dal | .75 | 60 | 1.601 | .207 |
| D_ Beag_de Chaid._ Dal.2 | 0.00 | 60 | 0.000 | 0.000 |
| D_Dúsh._d'Úd._Múin | 1.65 | 60 | 4.266 | .551 |
| D_ Dúsh._d'Úd._Múin2 | .20 | 60 | .684 | .088 |
| E_Cibearbhulaíocht | .28 | 60 | .976 | .126 |
| E_ Cibearbhulaíocht2 | .15 | 60 | .606 | .078 |
| F_Caith._Tobac | .28 | 60 | 1.391 | .180 |
| F_Caith._Tobac2 | 0.00 | 60 | 0.000 | 0.000 |
| K_Eile | .17 | 60 | 1.291 | .167 |
| K_Eile2 | 0.00 | 60 | 0.000 | 0.000 |
| Ceist 5 | | | | |
| B_Ions_Fis_Dal | .58 | 60 | 1.441 | .186 |
| B_ Ions_Fis_Dal2 | .48 | 60 | 1.066 | .138 |
| B_Ions_Fis_Foir | .08 | 60 | .424 | .055 |
| B_ Ions_Fis_Foir2 | .02 | 60 | .129 | .017 |
| C_Ions_Béil_Dal | .13 | 60 | .430 | .056 |
| C_ Ions_Béil_Dal2 | .02 | 60 | .129 | .017 |
| C_Ions_Béil_Foir | .51 | 59 | 1.040 | .135 |
| C_ Ions_Béil_Foir2 | .59 | 59 | 1.116 | .145 |
| D_Ions_Caid_Dal | .07 | 60 | .312 | .040 |
| D_ Ions_Caid_Dal2 | .02 | 60 | .129 | .017 |
| D_Ions_Caid_Foir | .08 | 60 | .381 | .049 |
| D_ Ions_Caid_Foir2 | 0.00 | 60 | 0.000 | 0.000 |
| E_ Cibearbhulaíocht | .17 | 60 | .587 | .076 |
| E_ Cibearbhulaíocht2 | .08 | 60 | .334 | .043 |
| F_Riail_Tobac | .33 | 60 | .933 | .120 |
| F_ Riail_Tobac2 | .07 | 60 | .312 | .040 |
| F_Riail_Alcóil | .00[a] | 60 | 0.000 | 0.000 |
| F_Riail_Alco2 | .00[a] | 60 | 0.000 | 0.000 |
| G_Goid_Creach | .08 | 60 | .381 | .049 |
| G_Goid_Creach2 | .10 | 60 | .354 | .046 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **H_Mí-úsáid_Sub** | .05 | 60 | .287 | .037 |
| **H_ Mí-úsáid_Sub2** | .02 | 60 | .129 | .017 |
| **K_Eile** | .10 | 60 | .477 | .062 |
| **K_Eile2** | .70 | 60 | 2.165 | .280 |
| **Ceist 6** | | | | |
| **Easumhl_Lean** | .08 | 60 | .334 | .043 |
| **Easumhl_Lean2** | .05 | 60 | .220 | .028 |
| **B_Ions_Fis_Dal** | .02 | 60 | .129 | .017 |
| **B_ Ions_Fis_Dal2** | .02 | 60 | .129 | .017 |
| **B_Ions_Fis_Foir** | .02 | 60 | .129 | .017 |
| **B_Ions_Fis_Foir2** | 0.00 | 60 | 0.000 | 0.000 |
| **C_Ions_Fis_Dal** | .00[a] | 60 | 0.000 | 0.000 |
| **C_ Ions_Fis_Dal2** | .00[a] | 60 | 0.000 | 0.000 |
| **C_Ions_Béil_Foir** | .03 | 60 | .181 | .023 |
| **C_Ion_Béil_Foir2** | .02 | 60 | .129 | .017 |
| **D_ Ions_Caid_Dal** | .00[a] | 60 | 0.000 | 0.000 |
| **D_ Ions_Caid_Dal2** | .00[a] | 60 | 0.000 | 0.000 |
| **D_ Ions_Caid_Foir** | .00[a] | 60 | 0.000 | 0.000 |
| **D_ Ions_Caid_Foir2** | .00[a] | 60 | 0.000 | 0.000 |
| **E_Cibearbhulaíocht** | .00[a] | 60 | 0.000 | 0.000 |
| **E_ Cibearbhulaíocht2** | .00[a] | 60 | 0.000 | 0.000 |
| **F_Riail_Caith-T** | .00[a] | 60 | 0.000 | 0.000 |
| **F_Riail_Caith_T2** | .00[a] | 60 | 0.000 | 0.000 |
| **F_ Riail_Alcóil** | .00[a] | 60 | 0.000 | 0.000 |
| **F_ Riail_Alcóil2** | .00[a] | 60 | 0.000 | 0.000 |
| **G_ Goid_Creach** | .02 | 60 | .129 | .017 |
| **G_ Goid_Creach2** | .02 | 60 | .129 | .017 |
| **H_ Mí-úsáid_Sub** | .02 | 60 | .129 | .017 |
| **H_ Mí-úsáid_Sub2** | 0.00 | 60 | 0.000 | 0.000 |
| **K_Eile** | 0.00 | 60 | 0.000 | 0.000 |
| **K_Eile2** | .05 | 60 | .287 | .037 |

## COMHGHAOLÚ DE SHAMPLAÍ PÉIREÁILTE

| | N | Comhghaol | Sig. |
|---|---|---|---|
| **Ceist 4** | | | |
| **A_Dímhúinteacht & A_Dímhúinteacht 2** | 60 | .144 | .272 |
| **B_Rancás_Fis & B_Rancás_Fis2** | 60 | -.069 | .600 |
| **C_Masla_Béil_Dalta & C_Masla_Béil_Dalta2** | 60 | .023 | .862 |
| **C_Masla_Béil_Foir. & C_Masla _Béil_Foir. 2** | 60 | .052 | .695 |
| **D_Beag_de Chaid_Dal & D_ Beag_de Chaid_ Dal2** | 60 | | |
| **D_ Dúsh._d'Úd._Múin & D_ Dúsh._d'Úd._ Múin2** | 60 | .170 | .195 |
| **E_Cib_Bhul. & E_Cib._Bhul. 2** | 60 | -.073 | .579 |
| **F_Caith. Tobac & Caith. Tobac2** | 60 | | |
| **K_Eile & K_Eile 2** | 60 | | |
| **Ceist 5** | | | |
| **B_Ionsaí_Fis._Dalta & B_Ionsaí_Fis._Dalta2** | 60 | .420 | .001 |
| **B_Ionsaí_Fis._Foir. & B_Ionsaí_Fis._Foir.2** | 60 | -.026 | .845 |
| **C_Ionsaí_Béil_Dalta & C_Ionsaí_Béil_Dalta2** | 60 | -.041 | .758 |
| **C_Ionsaí_Béil_Foir. & C_Ionsaí_Béil_Foir.2** | 59 | .241 | .066 |
| **D_ Ion_Caid_Dal & D_Ions_Caid_Dal2** | 60 | -.028 | .831 |
| **D_Ions_Caid_Foir & D_Ion_Caid_Foir2** | 60 | | |
| **E_ Cib_Bhul. & E_ Cib_Bhul. 2** | 60 | .014 | .913 |
| **F_Sárú_Riail Tobac & F_ Sárú_Riail Tobac 2** | 60 | .330 | .010 |
| **G_Goid_Creach & G_Goid_Creach2** | 60 | .063 | .634 |
| **H_Mí-úsáid Sub & H_Mí-úsáid Sub2** | 60 | -.023 | .862 |
| **K_Eile & K_Eile2** | 60 | .802 | .000 |
| **Ceist 6** | | | |
| **Easumhal._Lean. & Easumhal._Lean.2** | 60 | -.058 | .661 |
| **B_ Ionsaí_Fis._Dalta & B_ Ionsaí_Fis._Dalta2** | 60 | -.017 | .898 |
| **B_ Ionsaí_Fis._Foir & B_ Ionsaí_Fis._Foir. 2** | 60 | | |
| **C_ Ionsaí_Béil_Foir. & C_ Ionsaí_Béil_Foir. 2** | 60 | -.024 | .855 |
| **G_Goid_Creach & G_Goid_Creach 2** | 60 | -.017 | .898 |
| **H_Mí-úsáid Sub & H_Mí-úsáid Sub2** | 60 | | |
| **K_Eile & K_Eile2** | 60 | | |

# Aguisín 2: Eagraíochtaí Rannpháirteacha

1. Seirbhís Óige Dhún na nGall
2. Foróige
3. Ionad Ógtheagmhála Bhéal Átha Seanaidh
4. Ionaid Ógtheagmhála Bhun Crannchа/Gleann Gad
5. Ionad Ógtheagmhála Ghort a' Choirce
6. Ionad Ógtheagmhála Leitir Ceanainn
7. Ionad Ógtheagmhála Leifir
8. Gairmscoil Chaitríona, Na Cealla Beaga
9. Coláiste Magh Éne, Bun Dobhráin
10. Gairm Scoil Mhic Diarmada, Oileán Árainn Mhór
11. Coláiste an Earagail, Leitir Ceanainn
12. Coláiste Ghleann Fhinne, Srath an Urláir
13. Coláiste Crannchа, Bun Crannchа
14. Gairmscoil Chú Uladh, Béal an Átha Móir
15. Coláiste na Maoile Ruaidhe, Baile na nGallóglach
16. Scoil Chuimsitheach Naomh Columba, Na Gleannta
17. Pobalscoil Chloich Cheannfhaola (PCC), An Fál Carrach
18. Pobalscoil Charn Domhnaigh
19. Coláiste Naomh Adhamhnáin, Leitir Ceanainn
20. Pobalscoil na Rosann, An Clochán Liath
21. Pobalscoil Royal & Prior, Ráth Bhoth

# 10.0 Leabharliosta


Bazeley, P. (2007) *Qualitative Data Analysis with NVivo*. London: Sage Publications.

Bitel, M. (2005) *National Evaluation of the Restorative Justice in Schools*. London: Youth Justice Board for England and Wales.

Blood, P. (2005) *The Australian Context – Restorative Practices as a Platform for Cultural Change in Schools*. Paper presented at XIV World Congress of Criminology, August 7– 11, in Philadelphia.

Blood, P. and Thorsborne, M. (2005) *The Challenge of Cultural Change: Embedding Restorative Practice in Schools*. Paper presented at the Sixth International Conference on Conferencing, Circles and other Restorative Practices: "Building a Global Alliance for Restorative Practices and Family Empowerment". Sydney, Australia, March 3-5, 2005.

Buckley, S. (2007) 'Restorative Practices in Education: the Experiences of a Group of New Zealand Schools' in Maxwell, G. and Lui, J. (eds.) (2007) *Restorative Justice and Practices in New Zealand: Towards a Restorative Society*. Wellington: Institute of Policy Studies.

Cameron, L. and M. Thorsborne. (2001) 'Restorative Justice and School Discipline; Mutually Exclusive?' in *Restorative Justice and Civil Society*, ed. H. Strang and J. Braithwaite, 180–95. Cambridge: Cambridge University Press.

Chmelynski, C. (2005) Schools Find "Restorative Justice" More Effective than Expulsion. *School Board News*, May 17. Virginia: National School Boards Association.

Drewery, W. 2004. Conferencing in Schools: Punishment, Restorative Justice and the Productive Importance of the Process of Conversation. *Journal of Community and Applied Social Psychology* 14: 332–34.

Gibb, G. (2002) *Qualitative Data Analysis: Explorations with NVivo*. Buckingham: Open University Press.

Grinnell, R. M. (1993) *Social Work Research and Evaluation*. Illinois USA: Peakock Publishers.

Lingard, B. et al. (2003) *Leading Learning*. London: Open University Press.

Mason, J. (1996) *Qualitative Researching*. Thousand Oaks, USA: Sage Publications.

Maxwell, G. and Lui, J. (eds.) (2007) *Restorative Justice and Practices in New Zealand: Towards a Restorative Society*. Wellington: Institute of Policy Studies.

McCluskey, G., G. Lloyd, J. Kane, S. Riddell, J. Stead, and E. Weedon. (2008) 'I was dead restorative today.' From Restorative Justice to Restorative Approaches in School. *Cambridge Journal of Education* 38, no. 2: 199–217.

Munn, P., G. Lloyd, and M.A. Cullen. (2000) *Alternatives to Exclusion from School*. London: Chapman.

Ragin, C. (1994) *Constructing Social Research: the Unity and Diversity of Method*. Thousand Oaks. CA.

Reid, K. (2006) Raising School Attendance: A Case Study of Good Practice in Monitoring and Raising Standards. *Quality Assurance in Education* 14, no. 3: 199–216.

Sarantakos, S. (2005) *Social Research*, 3rd edition, Basingstoke: Palgrave MacMillan.

Spiegel, M.R. and Stephens, L.J. (1999) *Statistics*, 3rd edition, Singapore: McGraw-Hill.

Varnham, S. (2005) *Seeing Things Differently: Restorative Justice and School Discipline*. Wellington: Massey University.

Weare, K (2004) *Developing the Emotionally Literate School*. Paul Chapman Publishing,

Webb, R., and G. Vulliamy. (2004) *A Multi-Agency Approach to Reducing Disaffection and Exclusions*. London: DfES.

# Notes

# Notes

Tá tacaíocht a fháil ag an tionscadal ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa an Aontais Eorpaigh, tríd Chlár an AE um Shíocháin agus Athmhuintearas atá a bhainistiú ag Comhairle Chontae Dhún na nGall don Chomhlacht um Chláir Speisialta AE.